13

# Ár gCeól Féiniġ



An t-Aṫair Páḋruiġ Breaṫnaċ do ċruinniġ

Brún 7 Ó Nóláin, Baile Áṫa Cliaṫ

# ERRATA

| Pago | Lire | Note |
|---|---|---|
| 10 | 3 | Third, *for* **s** *read* **$s_1$** |
| 12 | 3 | Fourth, *for* d *read* **d'** |
| 16 | last | Last, *for* **r** *read* **$r_1$** |
| 45 | 5, 6 | Before second note insert \| *for* **:** |
| 74 | 4 | Delete the grace notes **mf.** |
| 84 | 1 | First, *for* **s** *read* **$s_1$** |
| 97 | 2 | Delete last note. |
| 132 | — | Gléas C has been omitted. |
| 132 | 2 | Last note should read **d'** |
| 132 | 5 | For second note substitute **d' .ta** |
| 142 | 4 | Last note, *for* **l** *read* **$l_1$** |
| 146 | 1 | Twelfth, *for* **d** *read* **d'** |
| 148 | 2 | Last, *for* **r** *read* **r'** |
| 158 | 7 | Substitute – for second note and move ⋏ to right. |

# Ár gCeól Féinig

## An tAṫair Pádruig Breaṫnaċ

Do ċruinnig.

(Fear eagair "Ceól ár Sinsear," "Roinnt Amrán" agus "Songs of the Gael")

Fógartar gaċ ceart ar cosnaṁ.

Brún agus Ó Noláin, Teor.

i mBaile Áṫa Cliaṫ :: i mBéal Feirste

i gCorcaiġ :: :: i bPortláirge

# Réaṁráḋ

Tamaillín sar a ḃfuair sé bás do ġeall an tAṫair Peadar Ua Laoġaire, Canónaċ, go scríoḃfaḋ sé Réaṁráḋ i gcóir na hoibre seo. Mo léun ġéar! nár ṁair sé. Ní'l mórán agam le ráḋ i dtaoḃ na n-aṁrán atá cruinniġṫe anso agam. B'ḟearr liom go deiṁin go gcuirfeaḋ ceóltóir éigint eile is eólgas-aiġe 'ná mise na haṁráin seo i n-eagar idir ceól agus focail. Aċ ní raiḃ súil agam go ndéanfaḋ éinne eile an obair, agus sin é an ċúis gur ċuireas mo láṁ leis, mar ḃí eagal orm go gcaillfiḋe ar fad cuid ṁaiṫ des na haṁránaiḃ sar a ḃfaḋ.

Tá eólas ag na daoiniḃ i gCo. Ċorcaiġe ar ċuid ṁaiṫ des na haṁránaiḃ seo. Cuid eile aca agus táid siad le fáġáil i gCo. Ṗortláirge. Tá naoi nú deiċ ġ-ceannaiḃ aca-san ann. Nioclás Tóibín, ceóltóir breáġ, do ṫug dam iad. Ḃí sé ag múineaḋ an ċeóil sa Rinn ar feaḋ tamail. Tá'n seana-nós go háluinn ṫar barr aige. Do ṫug Áine Ní Raġallaiġ mórán congnaiṁ dom ċun an ċeóil do ċur síos i gceart. Agus fuaras, mar an gcéadna, congnaṁ ó Risteárd Ó Foġluda ċun scrúduġaḋ do ḋéanaṁ ar na focail. Táim fé ċumaoine aca go léir. Rud eile. Do ṫug A. M. Freeman cead dom ċun cló do ċur anso ar trí ċinn des na haṁránaiḃ do ċuir sé féin i n-eagar in "Journal of the Folk-Song Society." Sid iad anso iad, agus na huiṁ-reaca atá aige-sean:—"Loċ Léin" (11); "Luan Duḃ an Áir" (13), agus "Cailín deas crúiḋte na mbó" (27). Fé ḋeire búḋ ṁaiṫ liom an méid seo a ráḋ. Duḃairt an tAṫ. Peadar Ua Laoġaire i dtaoḃ na n-aṁrán do ċuireas i gcló ceana i "Ḃfuinn na Smól": "We have in these songs not only music wedded to immortal verse, but immortal music wedded to immortal verse." Tá súil agam gur féidir an focal céadna a ráḋ 'dtaoḃ na n-aṁrán atá cruinniġṫe agam anso.

AN TAṪAIR PÁDRUIG BREAṪNAĊ.

Áṫ Cliaṫ, 1920.

# Eóċaill.

Gléas E♭. Go hana-mall.

| :l .l ,s | d' :m .s :t .l ,s |
|---|---|
| maid - in | Domn - aig, 's mé dul go |

| tl<br>l :s .l ,t :d' .t ,l | sm<br>s :m .r :m ,f ,s |
|---|---|
| h-Eó - ċaill, do car - aḋ an | óig - bean orm - um 'sa |

| l :- .l ,t :d' .t | m<br>l :smr.,r :s .m ,r |
|---|---|
| tslíġe; ḃí scáil 'n-a | lea - cain ar daṫ na |

| m .l, : — :d .r | m<br>s .,r :m :r .r |
|---|---|
| rós - aí, a's ba | binn' a glór ná na |

| d .,t, :d :m .m | d' :m .s :t .l ,s |
|---|---|
| ceól-ta sióe. Leagas mo | láṁ ṫar a bráġaid le |

| tl<br>l :s .l ,t :d' .t | l :smr.,r :m ,f ,s |
|---|---|
| mór - tas agus d'iarr mé | póig - ín ar stór mo |

| l :- .l ,t :d' .t | m<br>l :s ,m ,r :s .m ,r |
|---|---|
| ċroiḋe, is é dubairt sí | "stad, a's ná stracc mo |

| m .l, : — :d .r | m<br>s .,r :m :r .r |
|---|---|
| ċló - ca, a's gan | fios do ġnó - sa ag |

| d .,t, :d ‖ |
|---|
| bean do ṫíġe. |

**2**

"Seo mo láṁ duit ná fuilim pósta,
'S gur buaċail óg mé ṫug gean do ṁnaoi,
'S dá dtrialfá liom-sa ar ais go h-Eóċaill
Go ḃfuiġfeá onóir mar ġeoḃaḋ bean tiġe.
Ċuirfinn high-caul cap i gceart 's i gcóir ort,
Gúna, clóca 'gus caipisín,
Ḃeiḋ siopadruam agat de'n ḟíon 's de'n ḃeóraig,
'S do leanḃ dóiġeaṁail ag tarraing díġe."

**3**

"Ní'l ann aċ uair ḃeag ó ḟágas Eóċaill,
'S ní leigean an brón dom filleaḋ arís;
Do ḃéaḋ mo ṁuintir i ḃfeirg ṁóir liom,
'S ní ḃfuiġinn-se fóirítin óm' ċáirdiḃ gaoil;
Leaṫ a n-abair siad, ní ḋéanaim a gcóṁairle,
Aċ buailim an bóṫar do ló a's d'oiḋ'e,
Is cailín scaiṫte mé 'tá 'siuḃal an ḃóṫair,
Ag iarraiḋ an eolais ar Ċeapaċ Ċuinn."

# Maidin Luain Cingcíse.

Gléas C. Go h-uaigneaċ ⁊ go mall.

:dˡ.,t | l .s :dˡ .,t | l .,s :m .,d | r .,m :d .,d | d :d .r
Maidin Luain Cing-cí-se labair an Sí-oṫ-ḃra 'sa ġleann. Do ḃail-

| m .s :l .t | dˡ :t,l .s | l .,l :s .,m | s :d .r
iġ-eaḋ - ar na cá - ga ċun áḋḃaċt do ḋéan-aṁ ann. Do ċruinn

| m .s :l .t | dˡ :t,l .s | m .,r :d .,r | s .m :r .m,s
-íġ-eam-air na dtím - pall 'sdo las-am - air na soill - se, a's do

| l .,t :s .m | l .,s :m .d | r .r :d .,d | d : ||
ṫóg-a-mair ceo draoiḋeaċ-ta go haoiḃ-inn os a gceann.

2

Is mó baile-maragaiḋ a's caṫair aoiḃinn ceoil,
A's cúirt aiges na Sasanaig ċun seasaiṁ ann 'nár gcóṁair.
Beir sgéula cruinn abaile uaim Dé Domnaig 'dtí an t-Aifrion
Gur ċun sléiḃe do cuireaḋ ċun reaṫa sinn ċun seasaiṁ ann fé ḃrón.

3

Dá ḃfeicfeá-sa 'n buaċaill a's an cailín ceann buiḋe cas
Do ḃíoḋ ag imṫeaċt suas ar ṫuairisg na ḃfear,
Beir sgéula cruinn dóiḃ uaim-se go ḃfuil Captaen Lambert fuar lag,
Ar ṫaoḃ a' tsléiḃe go huaigneaċ, 's gan tuamba air ná leac.

4

Cá ḃfuilid na Muiṁnig, nú an fíor go mairid beo?
Ná cruinniġid siad 'nár dtimpall agus cabruġaḋ linn 'sa' ġleo
Mar is deacair púirt do stríocaḋ ná Clanna Ḃúir do ḋíbirt
Ó 'nár mbailtí dúṫcais dílis ḃí ag ár sinsear riaṁ róṁainn.

5

Do ṫáinig aníos ó Ċonnaċt ċúġainn céad a's míle laoċ,
An oiread céadna ó Ulaḋ ċúġainn i ḃfuirm ċeart 's i ḃfaoḃar;
Suaiṁneas lae níor tugaḋ dóiḃ ċun gur ḃuaileamair bualaḋ 's fiċe orṫa.
'Sé mo léun 'nár ṡileaḋ fuil ar cuirp ár ḃfear i nDeire an lae.

6

Beir sgéula suas ċun Muṁan uaim, a rúin ḋil 'sa stór,
Agus inis ann fé ċuma ḋóiḃ go ḃfuil an sgiúirse 'nár gcóir;
Mar is mó leanḃ firean fionn-geal 'gus ainnir ṁilis ṁúinte
Agus óig-ḟear cliste lúṫṁar 'san úir uainn a' feoḋ.

7

Mo léun ar an Muṁain nár éiriġ nuair d'aḋnamair an gleo!
Fé airm greanta greiḋnṁar i ḃfaġairt acu 'nár gcóir!
D'ḟágadar go teinn sinn agus neart ár naṁad 'nár dtimpall—
Aċ! grád mo ċroiḋe na Laiġnig! 'siad d'aḋain an teine leo.

Míċeál Óg Ó Longáin.

Fuaireamair an t-aṁrán so ins "An Lóċran." Fionán Mac Colum do ċuir ann san é. Aċ ní mar a ċéile an ceól atá le faġáil ins "An Loċran" agus an ceól atá agam-sa. Ó Áine Ní Raġallaiġ do fuaras an port so ṫuas.

## Máirín Seóiġe.

Gléas D. go mall.

: .,d :d .r ,m | f :m .r :r .r | d' :r' .,m' :r' .r'
Is buaċ-ail-ín | óg mé, a's ní'l mé | pós - ta, a's bainfiḋ mé'n

| l :s .m :r .$t_1$ | d : .d :r .m
| fóġṁar so'r mo ċómair-le | féin, ní'l mi - se

| f .f :m .r :r .r | d' :r' .,m' :r' .d'
| ceang-ail-te ó ṡagart ná | brá - ṫair, 'S ní ḋéar-nas

| l :s .m :r .r | r :– .s :l ,t ,d'
| á - rus 'san ear - raċ | riaṁ. Dá dtiġ-ṫeá -sa

| r' :m' .,r' :l .t | d' :r' .,m' :r' .d'
| 'ḃaile liom, a stóir, 'sé | b'ḟearr liom, Sgur tú tá

| l :s .m :r .$t_1$ | d :– .d :r .,m
| 'ndán dom go bráṫ a - | rís, Dá mbeiḋ - mís

| f :m .r :r .r | d' :r' .,m' :r' .d'
| fol - laṁ nár ṁór an | náir - e 'S a liaċt a

| l :s .m ,m :r .r | r ||
| slám - óg tá go deas 'na | suiḋe.

2

Ḃuḋ ṁíle b'ḟearr liom mo ċailín ar aimsir
Ag saoṫruġaḋ aráin agus balcaisiġ
Ná í ḃeiṫ ceangailte de ranuiḋe gránda
'S faoi sáil a ṗráca go bráṫ arís.
Níl ann aċ dá ḃfaiġtí na focla ráiḋte
Ċuir méar 'sa ḃfáinne a's tá tú réiḋ ;
Lá'r n-a ḃáireaċ ag scuabaḋ clábair
'S an máilín fairsgṫe i n-áit an ġléis.

3

Ċuir mise tuairisg le fear de'n ċomarsain
Cérḃ í an ainnir úd ċuaiḋ romam sa tsliġe
Tug seisean sgéal dom go mba cailín óg í
De'n ċineaḋ mór a b'ḟearr sa tír.
Cailín óg í fuair scoil a's foġluim
'S nár ġlac aon ċomairle ó ḋuine riaṁ,
'Sé ainm ḃ iste dí Máirín Seóiġe
'S mí ní beo mé mara ḃfaiġiḋ mé í.

## SAṀRAḊ.

Gléas E♭.

```
{| s,  :s,  :-.s, | d  :-  :d    | r  :m  :r   | d   :-  :s, }
{  Bí   mis'  a's | óg  -  bean  | lá 'dul an  | bó  -  ṫar, }

{| d  :-.r:m      | r  :-  :m    | d  :l,  :l, | l,  :-  :-  }
{  Tug - a - mair | féin   an    | sam  -  raḋ | linn;       }

{| s,  :s,  :-.s  | d  :-  :d    | r  :m  :r   | d   :-  :s, }
{  Cé  cas - faiḋe| dúinn - aċ an| gruag  - aċ  | cró -  ḋa,  }

{| d  :-.r:m      | r  :-  :m    | d  :l,  :l, | l,  :-  :-  ||
{  Tug - a - mair | féin   an    | sam  -  raḋ | linn;       ||

{| s  :-  :s      | l  :-  :l    | d  :-.r:d   | d  :l,  :s, }
{  Sam  -  raḋ,   | sam -  raḋ,  | bainn - e na | ngam - na,  }

{| d  :-.r:m      | r  :-  :m    | d  :l,  :l, | l,  :-  :-  }
{  Tug - a - mair | féin   an    | sam  -  raḋ | linn;       }

{| s  :-  :s      | l  :-  :l    | d  :-.r:d   | d  :l,  :s, }
{  Sam  -  raḋ,   | sam -  raḋ,  | bainn - e na | ngam - na,  }

{| d  :-.r:m      | r  :-  :m    | d  :l,  :l, | l,  :-  :-  ||
{  Tug - a  mair  | féin   an    | sam  -  raḋ | linn.       ||
```

2

D'ḟiafruiġ sé díom an inġion dom an ḃean óg sin
  Tugamair féin, ⁊c.
Go deiṁin ní hí. 'Sí mo ġráḋ 's mo stór í.
  Tugamair féin, ⁊c.
    Curfá—Samraḋ, samraḋ, ⁊c.

3

An dtiubartá cead dom-sa labairt go fóil léi?
Ṫugamair féin, ⁊c.
Mara nḋéanaiḋ tú sin, ḋéanfaiḋ mé an cóirṫeas,
Ṫugamair féin, ⁊c.
Curfá—Samraḋ, samraḋ, ⁊c.

4

Téiġ ċur' an aiṫġiorra 's raċaḋ-sa 'n bóṫar,
Ṫugamair féin, ⁊c.
Pé againn leanfas í bíoḋ sí go deó aige.
Ṫugamair féin, ⁊c.
Curfá—Samraḋ, samraḋ, ⁊c.

5

Leanfaiḋ mé an gruagaċ ó's dear an fear óg é.
Ṫugamair féin, ⁊c.
Do beó nú do marṫainn nár fillir go deó orm.
Ṫugamair féin, ⁊c.
Curfá—Samraḋ, samraḋ, ⁊c.

6

Is iomḋa sin bó ag dul ṫar ċlaiḋe teorann.
Ṫugamair féin, ⁊c.
Ag tógáil seilḃ' ar seilḃ na gcomharsan
Ṫugamair féin, ⁊c.
Curfá—Samraḋ, samraḋ, ⁊c.

7

'Sé 'fearaċt sin agam-sa leat-sa a stóirín.
Ṫugamair féin, ⁊c.
D'ḟágair annsan me boċt a's brónaċ.
Ṫugamair féin, ⁊c.
Curfá—Samraḋ, samraḋ, ⁊c.

8

Ṫáinic sí ċugam aréir tráṫnóna.
Ṫugamair féin, ⁊c.
Ṫug sisi léi an leiṫ-sgéal ba córṫa.
Ṫugamair féin, ⁊c.
Curfá—Samraḋ, samraḋ, ⁊c.

9

Aċ níor féad mise éirteaċt le caint den t-sórt sin.
Ṫugamair féin, ⁊c.
D'ḟágas ó soin í ag gol go brónaċ.
Ṫugamair féin, ⁊c.
Curfá—Samraḋ, samraḋ, ⁊c.

Sagart Gaeḋlaċ ó Ċonnaċt do ṫug dom an t-amrán so.

## Róisín Duḃ.

Gléas C. *Adagio.*



2

Tá gráḋ 'gam am' lár ḋuit le bliaḋain anois
Gráḋ cráiḋte, gráḋ cásṁar, gráḋ ciapaiṫe,
Gráḋ d'ḟág mé gan sláinte, gan rian, gan ruiṫ,
'S go bráṫ, bráṫ, gan aon ḟáġail agam ar mo Róisín Duḃ.

3

Do ṡiúḃalfainn-se an Ṁúṁan leat, a's ciúṁas na gcnoc,
Mar ṡúil go ḃfaġainn rún ort, nó páirt le cion,
A ċraoḃ ċúṁrṫa, tuigtear dúinne, go ḃfuil gráḋ agat dom
'S gur b'í plúr-sgoiṫ na mban múinte mo Róisín Duḃ.

4

Beiḋ an ḟaraige 'na tuilte dearga 's an spéir 'na fuil,
Beiḋ an saoġal 'na ċogaḋ craorac do ḋruim na gcnoc,
Beiḋ gaċ gleann sléiḃe ar fuid Éireann, a's móinte ar criṫ
Lá éigin sul a n-eugfaiḋ mo Róisín Duḃ.

## CARRAIG AONAIR.

Gléas E.

:d .$t_1$ | $l_1$ :$l_1$ :$s_1$ | d :- :r .m | s :l :t .s
An | luan úd an | áir ṫái-nig | suaiṁn-eas ró

| l :- :d .r | m :r .d :$t_1$.d | $l_1$ :$s_1$ :-
| breáġ ag - us | ġluais - ea - ḃair | uaim - se

| $t_1$ :$l_1$ :$l_1$ | $l_1$ :- :d .$t_1$ | $l_1$ :$l_1$ :$s_1$
| uair ḃeag roim | lá ag | iar-caireaċt do'n

| d :- :r .m | s :l :t .s | l :- :d .r
| smáil nú i | gcinn - tiḃ ḃúr | mbáṫ 'S go ḃfuil

| m :r .d :$t_1$.d | $l_1$ :$s_1$ :- .d | $t_1$ :$l_1$ :$l_1$
| iarr - ma na | bliaḋ - na 'nḃur | nDiaiḋ go ḃfaġad

| $l_1$ :- ‖
| bás.

2

A ċlann ó mo ċroiḋe, nú an truaġ liḃ mar a ḃí
Ḃur n-aṫair boċt féiniḋ ag géar-ġol 's ag caoi,
Na cuaille ṫrom ċríon i gcúil ḟuair an tiġe
'S ḃúr ndlúṫ ċáirde féiniḋ ag céasaṁ mar a ḃí.

3

A inġean ó mo ċroiḋe, ná goil-se, 's ná caoi
Mar geoḃaiḋ tú toġa nuaċair déanfaiḋ póṁar duit 's críċ
Ní ḃfaġad-sa mo ḃuiḋean ná mo ṫriúr d'ḟearaiḃ groiḋe
Ná mo ċeaṫrar breáġ múinte de lubairiḃ groiḋe.

4

'Sé Cormac mo stór, toġa na ḃfear n-óg
  Mar do ḃí sé moḋṁail múinte lúṫmar go leór
Do scrí' sé ar a gcóir leis a mbúcla a ḃí 'n-a ḃróig
  Gurab í Carraig Aonair a ċéile go deó.

5

'Sé Doṁnall mo buiḋean, an té b' óige dem ċlainn
  'Gur coiġcíos ón lá san 'sead ṫáinig sé i dtír
Gan ġuna, gan ċlaiḋeaṁ, gan anam 'n-a ċroiḋe,
  Aċ a ġéaga boga, geala 's iad leaṫta ar a dtuínn.

6

Tá duine eile 'em ċlainn ná tráċtaim air puinn
  'Sé Donnċaḋ mo sciós, ceann coṫuiġṫe mo ṫiġe
Go mbíon laċa aige ó'n ḃríoġar, a's an gé aige ón dtúinn
  Fiodóga duḃa an tsléiḃe 'muiġ a's gan ḃréag cearca fraoiġ.

7

Ma ċreac a's mo ḋiṫ ná téiġeaḃair-se ar luing
  Nú imṫeaċt le ċéile mar a dtéiḋean na "Wild Geese,"
Ḃéaḋ mo ṡúil-se le Ċríost, a's le nḃúr gcongnaṁ airís
  Mo ċeaṫrar moḋṁail múinte de lúḃairiḃ groiḋe.

8

Sí an Nodlaig seo ċuġainn an Nodlaig gan fonn
  Ag am' ċeaṫrar breáġ bruinne-ġeal fí ṫuilliḃ na dtonn
Dá ḃfaiġinn-se mo ṫriúr tá go deiṁin ins an tsrúil
  Do ḋéanfainn iad do ċaoineaḋ a's do ṡíneaḋ i nAcaḋ-
    Dúin.

9

Nuair ṫéiḋim-se ar an gclaiḋe, 's nuair ḟéaċaim uaim síos,
  Nuair a ċím-se Carraig Aonair pléascann mo ċroiḋe,
Agus ṫar n-ais airís go baṫar mo ċinn
  'Mar gurb í Carraig Aonair tá mar ċéile agam ċlainn.

Caitlín Ní Ṡéaġḋa ó Ċadragóil do ṫug dúinn
an t-aṁrán so agus an ceól.

## Tarraing go ciúin, go ciúin.

Gléas B♭

| :l, | l, :r :r | m :-.f :m | r :- :- | :d :l, |
| Is | bua-chail mé | 'déan-fad aon | gnó, | Do |

| l, :-.t, :d | r :-.m :r | r :d :l, | - : :r.m |
| cuir-fad aon | tóin 'n-aon | bar-aill-e | Aon |

| f :- :r | m :-.f :m | r :- :- | : :d.l, |
| rí, aon | mí, aon | bó, | Aon |

| l, :s, :l, | t, :- :l, | s, :m, :r, | - : ‖
| gloine, aon | ceo, 's aon | cnag-air-e. |

Cursá—

| m, :s, :m, | r, :- :r, | r, :- :- | - : : |
| Tar-aing go | ciúin, go | ciúin, |

| m, :s, :m, | r, :- :r, | m, :f, :s, | - : : |
| Tar-aing go | ciúin an | bar-aill-e |

| s, :l, :s, | l, :s, :l, | t, :- :- | : :l,.t, |
| Rí Ré | Rag-air-ne'n | óil | Tá |

| l, :s, :l, | t, :l, :s, | s, :m, :r | - : : ‖
| gloin' ar an | mbórd a's ní | fol-am é. |

2

Is buaċail mé ḋéanfaḋ ḋá ġnó
Do ċuirfeaḋ ḋá ṫóin i ḋá ḃairille
  Ḋá rí, ḋá ṁí, ḋá ḃó,
  Ḋá ġloine, ḋá ċeó, ḋá ċnagaire.

Cursá.

3

Is buaċail mé ḋéanfaḋ trí gnó
Do ċuirfeaḋ trí tóin i dtrí bairille
  Trí rí, trí ṁí, trí bó,
  Trí ġloine, trí ċeó, trí ċnagaire.

Cursá.

# An Smaċtín Crón.

Gléas F. *Moderato.*

| | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|
| : .s, | d | .,d | :m | .d | :m ,s | .,s, |
| Tráṫ | 'nuó | a's | mé | ar | mear-aiġe | ag |
| d | .,d | :m | .r ,d | :t, | .r | ,r |
| siubal | liom | féin | i | nGarr - | ḋa, | do |
| d | .,d | :m | .d | :m ,s | . — | |
| ḋearc - | as | uaim | i | nglas-ċoill | | |
| s l | .s ,m | :d | .r | :d | . s l t | |
| Stuai - | re | ċail - | ín | óig | ba | |
| d' | .t | :l | .t | :l | .s | |
| ġlonn - | raċ | éin | ar | crann - | aíb, | |
| d' | .t | :l | .t | :s | .l ,t | |
| Puic | a's | bruic | ar | stró | a's | |
| d' | .,t | :l | .s | :m ,l | .,l | |
| éisc | ag | teaċt | i | nglais - íb, | ag | |
| s | .m | :d | .r | :d | .‖ | |
| éis - | teaċt | le | n-a | glór. | | |

2

Ba ḃúclaċ péarlaċ cas buiḋe
A dlúṫ-ḟolt léi go halt síos;
Ba ṫiuġ mar ḟéar an tear-ṁaiġe
  A lomra-ḟlíos an óir;
Bí luisne caor 'n-a geal-ġnaoi
  'S gile na géis' 'n-a snóḋ;
Gluise 'n-a claon-rosc beadaiḋe
  'S ba ḋeirge a gruaḋ ná'n rós.

3

Do ḋruideas-sa léi gan stad puinn
'S do leigeas go ṫaoḃ mo hat' ḋíom
A's d'ḟiosruiġ mé go tais tím
  De'n ċaoṁ-ḃean ċneas-ċaoin ċóir;
An tú Hélen tréiṁ an ḃean-sí
  Ṫug ár na Trae 's na dtreón,
Nó Déirdre ṁaorḋa bean Naois
  Dob áilne gné faoi ḋó?

4

An tusa bé na mbas mín
Do riṫ i gcéin fá neart Ḟinn
Gur ṫuit an laoċ do lean í
  Le hOsgar tréan san ngleo,
Nó'n ríoġan nár ġéill dón ċneasaiġeaċt
  'S do ċuir Actéon a cló,
Ríoġan na rae's na gealaiġe
  'S do ḃí i gcoilltiḃ cnó?

5

D'ḟreagair mé an ġeal-ċíoċ
Naċ de ḋream tar lear í
Aċ d'ḟlaṫaiḃ uaisle Sean-Ġaoiḋeal
  D'úr-ḟuil Éibir Ṁóir;
Gur fada ḃí a maiṫ-ḃuiḋean
  'N-a ríġṫiḃ Muṁan i gc'róin
Go trúpaċ tréadaċ daṫ-íoġair
  Go téaċt na nGall tar bóċ.

Seán Ó Coileáin.

# cogar mogar.

Gléas C. Go mall ceanamail.

{: .,d :m .,f | s ,d' .,l :t^d't .,l | s ,m .r ,r :m^fm .,r }
{ éist liúm go | fóil, a ṁúir - nín ó, And hear my }

{ | d .,t, :d | - .d :m .,f }
{ | sto - ry true, bíen daoin - e }

{ | s ,d' .,l :t .,l | s ,m .r ,r :m .,r }
{ | 'ráḋ 's ag tráċt gaċ lá That I'm in }

{ | d .t, :d | - .d :m .,f }
{ | love with you. Gur b'é do }

{ | s ,d' .,d' :t^d't .,l | s .,d' :t .,l }
{ | ġlór ró - binn, a stór, My theme by }

{ | s .r :m | d .d :m .,f }
{ | night and day; ó ní neós - ainn }

{ | s ,d' .,l :t^d't .,l | s ,m .r ,r :m .r }
{ | féin gur fíor an sgéal. But that's what }

{ | d .,t, :d | ., ‖ }
{ | peo - ple say. }

2

Dá ḃfaġainn-se cáil a's clú gan smál
  And acres broad and free,
Dá ḃfaġainn-se ór a's árd-onóir
  And ships upon the sea—
B'ḟearr liom ná iad, a rúin mo ċroiḋe,
  Your smile to light my way,
Gaċ uile lá, a ṁíle ġráḋ,
  Well—that's what people say.

3

'Sé deirtar fós, a ċailín ċóir,
  That you have love for me ;
'S duḃairt bean i ndé go nduḃairt bean léi
  That you my bride will be.
A rúin mo ċléiḃ, a ċuid de'n tsaoġal,
  My light and hope alway ;
Ó cuir do láṁ am láiṁ, a ġráḋ,
  And say what people say.


BRIAN O HUIGIN.

Tá ceól a's aṁrán le faġail i leaḃar an tSeórsaiġ go dtugtar mar ainm air "Ancient Irish Music." An "Leprech un" glaoḋann an Seórsaċ ar an bport. Sin é an ceól a ḃí i gcoṁair na súil ag Brian nuair a ċúm sé an t-aṁrán so ṫuas. Tugaim-se annso ceól eile agus, am ṫuairim-se, is ceól é níos deise, níos milse ar fad. Áine Ní Raġallaiġ do ṫug dom é. D'airiġ sí sa mblian 1910 é i gColáiste na Muṁan i mBéal Áṫ' an Ġaorṫaiḋ.

Seán Ó Conġaile, maiġistir scoile do ṫug uaiḋ an port. Fear ó Ċontae Port Láirge Seán. Is aṁlaiḋ, mar sin, gur ceól Ċontae Port-Láirge an ceól so.

# bean ḋuḃ an ġleanna.

Gléas Eb. Go mall.




* Anál.

2

Ḃean ḋuḃ a' Ġleanna, bean ḋuḃ do b'ḟearr a!
Bean ḋuḃ ba ḋeise gáire;
A gruaiḋ mar an eala, 's a píob mar a' sneaċta,
'S a cúm seang singil áluinn.
Ní'l óganaċ caiṫce ó B'l-Áṫ-Cliaṫ go Gaillim,
Ná ar fúd go Tuam Uí Ṁeára,
Ná go ḃfuil ag triall 's ag tarraing ar eaċaiḃ donna deasa
Ag tnúṫ leis an ḃean ḋuḃ áluinn.

3

Do ġeoḃainn-se bean sa Ṁuṁain, triúr ban i Laiġean,
Bean ó ríġ geal Seoirse,
Bean na lúba buiḋe, do ġráḋóċaḋ mé ó ċroiḋe,
Bean 'gur dá ṁíle bó léi;
Inġíon óg an Iarla, atá go teinn duḃaċ diaċraċ
A' d'iarraiḋ mé ḟaġáil le pósaḋ,
'S dá ḃfaġainn-se féin mo roġa de ṁnáiḃ deasa 'n doṁain,
'Sí bean ḋuḃ ó'n nGleann b'ḟearr liom.

4

An té ċífeaḋ mo ṫeaċ, 's gan de ḋíon air aċ seasg
'N-a suiḋe 'muiġ ó ṫaoḃ an ḃóṫair,
Nuair éiriġean a' ḃeaċ, 'gur ḋeinean a nead
Le grian a's le teas an tsaṁraiḋ!
Nuair aosuiġean suas an tslat ní ḟanann uirṫe aon ṁeas.
Aċ ag tnúṫ leis an mbrainnse óige,
'S mo ċailín plúraċ, deas, d'éaluiġ uaim le spreas,
Mo ċúig céad slán go deó léi!

An tAṫair Séamus Ó Floinn do ṫug an ceól so do Áine Ní Raġallaiġ. 'Sé an ceól céadna é do múineaḋ dos na macaiḃ léiġinn ins an scoil a ḃí ar siuḃal i gCaṫair Ċorcaiġe ċun ceóil dúṫċais do ṁúineaḋ. Míċeál Ó Gráda oide múinte an ċeóil do ṫug uaiḋ an port so.

# "Cloiċ Reóḋ."

Gléas C. go mall.

| | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|
| :-.r | r :r :-.m | f :s :$^{l}$r' | l :s :-.m | $^{r}$m :d :-.r | |
| Trí | blian-a an | fóġṁar so seaḋ | ḋ'ḟág-ar an | treo so 'Ḋir | |
| | m .s :- :$^{r}$f | m :- .$^{fm}$:r .r | r :- :r | | |
| | Ċor-caiġ agus | eó - ċail do | stadar. 1 | | |
| | r :r :-.m | f :s :l .r' | l :s :-.m | $^{r}$m :d :r | |
| | mball-ín beag | gleoiḋ-te agus | "thir-teen" 'sa | ló 'gam, ḟíon | |
| | m :s :- .$^{r}$f | m :r :- .r | r :- :r | | |
| | puins ag - us | beóir ann le | caiṫeaṁ do | | |
| | m s :l .t | d' :t :- .d' | r' :- .d' :l .fe | | |
| | ḋear - cas an | óig - ḃean am' | ċoinn - iḃ sa | | |
| | s :fe :fe.s | l :r' :- .r' | m' :r' :- .de' | | |
| | ḃó - ṫar, go raiḃ | sgáil mar an | rós - aí 'na | | |
| | r' :- :l .l | r' :l :- .l | l :s :- .s | | |
| | leacain, a'r do | luiġear léi a' | stróir-eaċt go | | |
| | m :s :- .m | $^{r}$m :d :r .r | m .s :- :$^{r}$f | | |
| | teaċt um ṫráṫ- | nóin - ín, 'Sa bpar- | óir-te Cloiċ | | |
| | m :- .$^{fm}$ :r .r | r :— ‖ | | | |
| | Reóḋ bíos ar | maidin. | | | |

**2**

Do rug Cloiċ Reóḋ an "sway" léi ó'n bparóiste ḃí taoḃ léi
   Ċun léaṫróid do ṗléasg os cionn talaiṁ,
I mballín beag néata cois aḃann deis na gCaoraċ
   Mar a mbíon "sportsmen" 'sa' tsaoġal ann gan stad air.
Bíon ubla, bíon caorṫa, bíon cnó buiḋe ar ḃarr ġéig ann,
   Agus ceól binn ag éanaiḃ gaċ maidin,
Bíon an eala breáġ glé-ġeal a' snáṁ ar na "lakes" ann,
   'A's mná-uaisle ag aeriḋeaċt fé ċrannaiḃ.

**3**

Céad molaḋ lem' ṁáiġistir nár ċuir orm aon ṁaċáil,
   Mar do léimfinn-se páile seaċt dtroiġṫe,
Do láimseálfinn sáṁtaċ, súisde nú ráinne,
   Nú do ḃuailfinn poc báire le fuinneaṁ.
A's do raġainn go tiġ an tábairne le gasra sáir-ḟear,
   Do ġlaoḋfainn-se ar ċárt a's ar ġloine
Do seinnfinn ar "Garman" a's do rinncfinn ar ċlár dóiḃ,
   A's do ḋíolfainn gan spleáċas mo ḃille.

Seo ceól agus amrán do fuaras ó Áine Ní Raġallaiġ. Is é ṫug di iad, idir ceól agus amrán, ná Eiblín Ní Scannail, inġion do Ṫaḋg, atá 'n-a coṁnuiḋe i mBéal Áṫ' an Ġaorṫaiḋ.

# Ar an dTaoḃ ṫall de'n ġóilín.

Gléas C. Go héadtrom.

:s.s | s :m :-.r | d :d :-.r | m :s :-.s | l :s :-.s
Ar an | dtaoḃ ṫall de'n ġóil-ín, 'S eaḋ | ċomnuiġean mo ġráḋ ġeal, a

| r :m :-.r | r :m :-.r | r :s :-.s | l :s :-.s
| gruaḋ mar an róis - ín 'S mar | nóin - ín a bráġaid ġeal, a

| s :l :-.t | d' :d' :-.d' | d' :m' :-.r' | r' :d' :s.s
| craoḃ-ḟolt mar ór - buiḋe 'na | peór-laí siar síos léi, 'S mar a

| l :l :-.l | l :t :-.l | s :l :-.s | s :m :-.r
| liom-sa mo stóir - ín le | brón-ċroiḋe is sgíos mé, oċ -

| d :- :- | d :- ‖
| ón - ó !

2

Ar a' dtaoḃ ṫall de'n ġóilín tráṫnóinín ar siubal dom,
Ag éisteaċt le smóilín an ċeóil binn cois srúil dom,
'S eaḋ ḋearcas-sa Nóirín i mbóiṫrín ḋear ċrainn ġlais.
'S mar a liom-sa mo stóirín is deóraiḋe ṫar tuinn ġlais mé, oċ ó !

3

'S ar a' dtaoḃ ṫall de'n ġóilín do ṡeóluiġeas t'r éis bliana.
'S do ḃuail liom mo stóirín' sa' bóiṫrín glas céudna,
S do ḃainear féin póigín de Nóirín ġá fásgaḋ,
'S ar an dtaoḃ ṫall de'n ġóilín mo lóistín t'r éis Cásga le'm stór ó.

4

'S'ar a' dtaoḃ ṫall de'n ġóilín, 'seaḋ, ċómnuiġim lem ġráḋ 'nois
Ċóm teaspaṁail le dreóilín mo ġnó ġním cois tráġa 'nois.
Tá triúr clainn ag Nóirín—Cáit, Eoġainín a's Briġde—
'S ó'n dtaoḃ ṫall de'n ġóilín ní ṡeólfad tar taoide go deo, deo.

Dóṁnall Ó Loingsiġ do ċúm an t-aṁrán so agus go deiṁin is deas an t-aṁrán é idir ceól agus focail.

# Oró! Sé do ḃeaṫa 'ḃaile.

Gléas C. Máirseál.

| | | |
|---|---|---|
| f ,s .f ,m : f .,r | m ,r .d ,r : m .s ,s | l .s : d' .m |
| Sé do ḃea - ṫa, | 'ḃean ba léan-ṁar, do | ḃ'é ár gcreaċ ṫú |
| s ,f .m ,r : d .m ,m | f ,s .f ,m : f .s | l ,s .l ,t : d' .l |
| ḃeiṫ i ngéiḃ-inn, ár | ndú-ṫaiġ ḃreáġ i | seil - ḃ méir-leaċ |
| s .m : d' .m | r : r | Curfá *ff* *bis.* ‖ r' : r' .d',r' |
| Díol-ta leis na | Gal - laiḃ | Ó - ró! Sé do |
| m' .r' : d' .l | *p* s .m : d' .m | s .m : m .r |
| ḃea-ṫa 'ḃail - e | Ḃfearr liom tú ná | céad bó ḃainn - e |
| *ff* r' : r' .d',r' | m' .r' : d' .l | *p* s .m : d' .m |
| Ó - ró! Sé do | ḃea-ṫa 'ḃail - e | 'Noir ar ṫeaċt a' |
| r : r :‖ *bis.* | | |
| tram - raiḋ. | | |

2

Tá Gráinne Ṁaol a' triall ṫar sáile,
Óglaiġ armṫa léi mar ġárda,
Gaeḋil iad-féin, ní Gaill ná Spáinnig,
'S cuirfid ruaig ar Ġallaiḃ.

Curfá.

3

A ḃuiḋe le Ríġ na ḃfeart má ḋearcam
—Cé nác beo 'na ḋeoiḋ dúinn seaċtṁain—
Gráinne Ṁaol a's míle gaisgíḋeaċ
'Fógairt fáin ar Ġallaiḃ.

Curfá.

# Óró! 'sé do ḃeaṫa 'ḃaile.

Gléas D.

| :s | s :- .s | s :f .s | l :s | f :r .f |
|---|---|---|---|---|
| | 'Sé do ḃea - ṫa, a | ḃean ḃuḋ léan - ṁar, Doḃ | | |

| f :- .f | f :f .s | f :d | d :r .s |
|---|---|---|---|
| é ar gcreaċ | tú | ḃeiṫ i | ngéi - ḃinn, ar |

| s :- .s | s :f .s | l :s | l :d' .d' |
|---|---|---|---|
| nDú - ṫaig ḃreáġ | i | seil - ḃ | méir - lig, 'S tú |

| r' :l | d' :l | s :- | s ‖ |
|---|---|---|---|
| ḋíol - ṫa | leis na | Gall - | aiḃ. |

Curfá—

| s :- | s :f .s | l :s | f :r .f |
|---|---|---|---|
| Ó - | ró! 'Sé do | ḃea - ṫa | 'ḃai - le! |

| f :- | f :f .s | f :d | d :r .s |
|---|---|---|---|
| Ó - | ró! 'Sé do | ḃea - ṫa | 'ḃai - le! |

| s :- | s :f .s | l :s | l :d' |
|---|---|---|---|
| Ó - | ró! 'Sé do | ḃea - ṫa | 'ḃai - le! |

| r' :l | d' :l | s :- | s ‖ |
|---|---|---|---|
| 'Nois ar | ṫeaċt an | tsaṁ - | raiḋ. |

Ceól eile é seo ar an aṁrán. Ḃioḋ a roġa ag gaċ duine.

# An Sprid.

Gléas Ab. Cuiḃṙaċ meaṙ. Fonn: "Bean an ḟir ruaiḋ."




2

'S mara mbeaḋ na coilig a ġlaoḋaċ, mo léan! do ċlaoċlóċ' mo neart
le heagla an rgéal gur baoġal dom í beiṫ lem' air,
Ṫáinig allur 'n-a ḟlaodaiḃ ar m'éadan an iomarca ar fad,
Mar do ċeapar narḃ' éinne beó raoġalta an ḃruinneal i gceart.

3

'S nuair a ċonnac-sa 'n-a saiġeaḋ í 's i n-aoirde ċumais ṫar bárr,
'S ba ġile í 'ná an ḟaoilean 's a píob mar an eala 's í ag snáṁ,
Do ṫáinig faitċíos mo ċroiḋe orm roimpi an sgioṫaire mná,
'S gan arm ná claiḋeaṁ am' ṫimċeall ná gunna ċun láiṁ.

4

Dá mbeaḋ arm ná claiḋeaṁ am' ṫimċeall nó gunna am' ḋóid,
Ní ṫiocfaḋ crit croiḋe orm roimpi ná eagla, ar ndó',
Mar i siuḃal lae ná oiḋċe níor smuíniġeas eagla fós
Ċun gur casaḋ sa tsliġe orm an ríġ-ḃean ṁaiseaṁail ṁór.

5

Agus d'ḟiosruas féin do'n réilṫean ċumasaċ ċóir
Nó goiḋé an taoḃ eile de'n tsaoġal do ṫéarnaiġ sí an taca so am' ṫreó,
Nó ar ḃ'éinne beó í i n-ao'ċor do'n tréad úd do leagaḋ na treóin
I gcaismirt ċlaiḋeaṁ ġéar na laoċ mear acfuinneaċ óg.

6

" 'S ní héinne beó i n-ao'ċor mé féinig dár ċanais-se fós
Aċ bruinneal ṁodaṁail ḃéasaċ ná déanfaiḋ duit deacair go deó,
'S mara mbeaḋ do ḃréiṫre néata laḃarṫa beóil
Is eagal gur ḃaoġal duit féinig a ṫuille tá am' ṫreó."

7

B'í an réilṫean néata aeraċ ġeanaṁail í,
Mar do laḃair sí féin liom Béarla taitneaṁaċ binn,
" Ná bíoḋ mairg sa tsaoġal ort féinig, a ḟaraire ġroiḋe,
Mar ambasa naċ baoġal duit mé an ḟaid ḟanfad sa tír."

8

'S do ġaḃas-sa céad buiḋeaċas léi siúd—sí an ḃruinneal gan teiṁeal
Do ḃí a gruaḋ mar na caorṫa 's doḃ' aereaċ é lasaḋ sa gnaoi
Ba ġeal craṫaċ téadaċ péarlaċ fada feann buiḋe,
Iad a cuaċa go néata 'n-a slaodaiḃ le barra ċrob síos!

Fingín na Leaṁna.

[Diarmaid Ó Gealḃáin, file ó Ṗaróiste an Ṗríoraċt, i n-Uíḃ Ráṫaċ, do ċúm an t-aṁrán so do sprid (dar leis) a ḃuail uime i lár na hoiḋċe cúpla mí ó ṡoin.]

## An Gandal.

Gléas C. *Moderato.*

```
:t  :l  |s  :-  :m  |m  :-.f:m  |r  :-.r:r  |r  :-  :r
Um ṫráṫ-  nón'   i    ndé 'seaḋ   ċual-as-sa scéal,  ar

|m  :m  :m  |s  :-.l:t  |d'  :-  :l  |t  :-  :l
sgar-ai-re     gléi-geal    gan  -    dail,

|s  :s  :m  |m  :-.f:m  |r  :r  :r  |r  :-  :r
D'im-ṫiġeaḋ tar  caol  i   n-im-iol móin-ḟéir,  'S do

|s  :l  :t  |l  :s  :l  |s  :-  :-  |s  :-  :r
ṫug-aḋ roint ḟéir  'n-a   ċaḃail       leis.   Tá

|s  :s  :l  |t  :t  :d' |r' :r' :t  |l  :-  :s
duin-e'r an  mbai-le go    gceil-ḟiḋ mé 'ainm,  a's

|s  :s  :s  |s  :l  :t  |d'  :-  :l  |t  :-  :l
ġéar-uiġ sé  mad-ar-a       donn      leis,   Ba

|s  :m  :m  |m  :f  :m  |r  :r  :r  |r  :-  :r
ṫruaġ liḃ a  dearc-aḋ nuair rí-neaḋ é  marḃ,   'S is

|s  :l  :t  |l  :s  :l  |s  :-  :-  |s  ||
dóiċ liom gur  sgriac-aḋ an  ceann        de.
```

2

Is é dúḃairt Tomás nuair airiġ sé a ṫásg,
  "Ciarrḃaḋ air! níor ġáḋ ḋó an sgannra!
I dtaoḃ aon traġas fáis, ní raiḃ sé le fáġáil,
  Muna raġaḋ sé ag snáṁ nú ag daṁas ann!
Ní raiḃ ins an áit aċ tuinneaċa báitte,
  Ní stadfaḋ préaċán ná seaḃac ann.
Go ndéintear é ḃáṫ, é ċroċaḋ, nú lámaċ!
  An té ṫug anaḃás dom ġandal!"

3

Do ḃí sé sgafánta, cumasaċ, láidir,
  Ċuirfeaḋ sé bláṫ ar ġéanaiḃ!
An té ċíḋfeaḋ gaċ lá é ag taisdeal na mbánta
  Ċuirfeaḋ sé áṫas cléiḃ air!
Osna mo ċroiḋe! mar tá 'gam le. hínsint,
  Go ḃfuil sé gan ḃríġ, lag, traoċta!
Táim creaċta gan puinn de ṡaiḃreas an tsaoiġil
  'S is baoġlaċ, d'á ḋruim, go n-éagfad.

4

Gur a' madra i bpéin e! Treasgarṫa, faon lag!
  Eascaine géana an doṁain air!
A ṫeanga 'n-a ḃéal go sgaraiḋ 'n-a ċraos,
  'N-a angaid go sgaoċtar dall é.
Mar ḃár ar a ṫiubairt, é ṫuitim sa teine!
  Go loisgtear a ḟiona's a ḋrandal!
Gaċ cnáṁ leis a ṁille do ċráḋfaḋ é tuille!
  As bás ċuige i n-uiresba! an snaṁaire!"

Míċeál Ua Tuama.

Fear oibre Míċeál. Do ḃíoḋ sé ag obair i dteannta muintire an Aṫar Peadair Uí Laoġaire.

# Táim-se ar an mbaile seo.

Gléas C. *Moderato.*

| | | |
|---|---|---|
| d .,m :s ,f .m | f .,r :s .,$t_1$ | m .,r :d .$t_1$ |
| Táim-se ar an | mbai-le seo le | bliain a - gus trí |
| d :s .s | d' .d' :l .d' | t .t :r .m |
| Lá 'S dá mbeadh | fios mo scéil ag | aoinn' a - gaiḃ ní |
| f ,s .- :$t^{d'}t$.l | s :- | d' .d' :l .d' |
| ċodlóċaḋ siḃ go | sáṁ; | Doċ-túi - rí na |
| t :r .m | f .s :$t^{d'}t$.l | s :d .d |
| Frainn - ce ní | leiġis-fi - dís mo | ċneaṁa, Go dtigiḋ |
| d .,m :s ,f .m | f .,r :s .$t_1$ | m .r :d .$t_1$ |
| pé - ar - la'n ċúil | ċraoḃ - aiġ, 's go | gcro-ṫaiḋ sí mo |
| d :- ‖ | | |
| láṁ. | | |

2

Tá mo ṁuintir dá síor-ráḋ go gcaiṫfead dul anonn,
Tá mo súil le Rí na Ríġṫe 'gam ná faġaid siad bád ná long,
Dá ṁbeinn-se féin fé ċiuṁais an tsléiḃe nú duilleabar glas na gcrann
A Ḋia dílis nár ḃ'aoiḃinn é, 'gus gráḋ mo ċroiḋe 'gam ann.

3


Dá mbeaḋ lán na páirce báine agam de ḃuaiḃ breaca 's buiḋe,
Tuile 'gus lán báid agam de ġiniṫiḃ breáġṫa buiḋe
Is duitse féin do ḃéarfainn iad, a stóirín ġil mo ċroiḋe
D'ḟonn ḃeiṫ i gcleamnas leat pé fada gearr go dtí.

4

Dé Doṁnaig, Dé Doṁnaig do ḋeineadar mé ċreaċ
Do ṗósadar mo stór agus níor iaradar mo ċead
Dá mbeaḋ sí i dtig an óil agam nú ins an treómairín le n-ais
Ó ġráḋ mo ċroiḋe do ḟeólfainn í tar Ḃeanntraiġe siar ó ḋeas.

## "Táim breóiḋte go leór."

Gléas C. Go mall, brónaċ.




* Anál.

2

Cad d'iṫir dot' ḋinnéar, a ḃuaċailín ó?
Cad d'iṫir dot' ḋinnéar, a laoġ ġil sa stóir?
D'iṫeas sicíní niṁe a' pláitíní óir,
Agus cóirig mo leabaiḋ, táim breóiḋte go leór.

8

Cár ṁaiṫ leat ḃeiṫ curṫa, a ḃuaċailín ó?
Cár ṁaiṫ leat ḃeiṫ curṫa, a laoġ ġil sa stóir?
I dteampal Ċill-Muire, a ṁáiṫirín ó
Agus cóirig mo leabaiḋ, táim breóiḋte go leór.

An t-Aṫair Séamus Ó Floinn do ṫug dúinn an ceól.

# Brigid Ġeal Bán.

Gléas E. Fonn: "Jimmy mo ṁíle stór."

{ :l₁ .t₁ | d :r :m | m .d' :- :t .l | s :l :m }
{ Do | b'aoi-binn mo | bea-ṫa feaḋ | seal - aid i }

{ | r :- :d | d :- :s | d' :m :m }
{ | dtúir mo | ṡaoġail, gan | buaiḋ-eaṁ, gan }

{ | s :l :t | d' :- :r'.d'.t | l :- :s.m.r }
{ | ṁair - g cois | mac · ain ġlas | úr na }

{ | m :- :s.l.t | d' :m :m | s :l :t }
{ | sgraob; 'S ann a | ċoṁ - nuiġ an | ainn - ir ġeal }

{ | d' :- :r'.d'.t | l :- :s.m.r | m :- :l₁ .t₁ }
{ | ṗear · san - ta | suairc ṁín | tréiṁ. Ċuirfeaḋ }

{ | d :r :m | m :d' :t .l | s :l :m }
{ | subail-ceas ar | ṁ'aig - i - ne 's | maid - in 's a }

{ | r :- :d | d :- ‖
{ | meaḋon an | lae.

2

Ḃ'í péarla'n cúil ċraoḃaiġ, mo roġa's mo ṫoġa ṫar mnáiḃ,
A dtug mo ċroiḋe gean agus taitneaṁ d'á bráġaid geal bán ;
'Sé ṁéaduiġ ar m'osna 'gur ċuir mé lem rae ċun fáin,
Nuair a sgaras, mo ḋoċar! le hainnir na mbuiḋe gcocán.

3

A ċuman na gcuman náċ ormsa tá'n mí-áḋ
Is iomad de'n donas ná leigfiḋ mé ḋíom go bráṫ ;
Comairle mo leasa níor ġlacas i n-am ná i dtráṫ,
'Sé mo léan a's mo ḋoċar mar ar ċeangail mé riaṁ le páirt

4

Naċ suarac mar ġnó é, ḃeiṫ siuḃal ar na maoil' seo ṫiar,
Ó Ċarraig an Iolair go himeal Loċ Cam-an-ḟiaiḋ,
'Smuíneaṁ 's a' maċtnaṁ go n-iompuiġean an ġrian aniar
Ar ġile na gile—mo ċailín deas, mánla ó'n tsliaḃ.

5

Cá'r ḃ'iongna mo ṫuitim sa tubairte 's laiġead mo ċáil,
Feuċ Diarmuid, laoċ clisde—an fear cúil ar na feinn dob ḟearr
Ċuir Ġráinne faoi ġeas' é go ḃfuairead a ċorp ar lár,
'Nuair ṫreasgair an torc é san tseilg ar ḃeinn Gulbáin.

6

Anois ó táim claoiḋte 's d'imṫiġeas am' spreas gan áird,
Mo ṡlán ċun gaċ bruinneal ḋeas, ṁilis dá dtug mé páirt,
I dtig tábairne an ġloine buḋ ṁeiḋreaċ mé am' ṡuiḋe ag ceann cláir.
'S go n-ólfainn a sláinte go fáilteaċ, a's go dtéiġ tú slán.

RIOBÁRD BELDON.

Fuair an t-aṁrán so an ċead duais ag Feis na Muṁan sa ḃliaḋain 1903.

## Raiṫineaċ, a ḃean ḃeag.

Gléas C. go haerac.

| :.d' | d' :t .t | l .,l :s .s | d' :t .t | r' :m' .m' |
| Do | ċuir - ear mo | ġearra-ċaile go | ḃarr - a na | ḃaoi - ne a |

| d' :t | l :s .s | l :l | l :l .,l |
| d'iar - raiḋ | rtaim - rí nú | cá - ċaí | mírle nuair a |

| d' .,d' :t .,t | l :s .s | d' .d' :t .,t | d' :r' .,r' |
| ċáin-iġ rí a | ḃai - le, ní | ḃlaiṗreaḋ rear a' tiġe | iaḋ, a'r |

| m' .,m' :r' .,r' | d' :s | l :l | l :l . |
| raiṫ-i - neaċ, a | ḃean ḃeag, | rtaim - rí 'r | ím air |

Curfá—

| m .l :l .l | l :t .l | s :s .m | s :s |
| Raiṫ-i-neaċ, a | ḃean ḃeag, a | ḃean ḃeag, a | ḃean ḃeag, |

| m .l :l .l | l :l | t :t .s | l :l |
| Raiṫ-i-neaċ, a | ḃean ḃeag, | rtaim - rí a'r | ím air; |

| m .l :l .l | l :t .l | s :s .m | s :s |
| Raiṫ-i-neaċ, a | ḃean ḃeag, a | ḃean ḃeag, a | ḃean ḃeag, |

| m .l :l .l | l :l .l | t .d' :t .s | l :l |
| Raiṫ-i-neaċ, a | ḃean ḃeag a'r | ḋéan-ri-míḋ an | cír - te. |

2

Tá tiġ mór fairsing i mBarra na hAoine ;
Tá bean acu d'á glanaḋ agus bean acu d'á scríobaḋ ann,
A's bean acu d'á fásgaḋ os cionn corcáin ar a dícioll,
Agus seanaḃean ar a corragiob d'á leaṫaḋ ar an ngríosaiġ.

Curfá.

3

Ní scampí an t-arán so ná práṫaí scríobṫa,
Aċ plúr ó'n Spáinn trí áiriḃ síoda ;
An té íosfaḋ císte ḋe ar maidin t'réir na hoiḋċe,
Do ḃuaiḋreaḋ sé an rás ar ṫráiġ ṁóir na hAoine.

Curfá.

4

Tá mná bárr-ḟionna i mBarra na hAoine,
Ní'l siad taiṫeaċ ar an scaimpí seo scríobaḋ ;
Meilid siad garḃ é 's bíon leacaċa 'na ċroiḋe istiġ,
'S bíon cluig ar a gcarbail ar feaḋ ló-go-n-oiḋċe.

Curfá.

5

Na mná fionna fairreoga tá i mBarra na hAoine,
Ní gnó do ċleaċtaid siad scaimpí do scríobaḋ ;
Ḃíon flúr geal ná ḋóire 'cu i gcóir na hoiḋċe,
Agus crústai de'n trórt sain go deó níor ċuiḃe ḋóiḃ.

Curfá.

6

Nuair a ġluaisiġean Máire, Siobhán agus Síle,
Nóra 'gus Cáit, is sásta a bíd siad ;
An juga ar an gclár 's an cáirt d'á líonaḋ
'S mo ċeól go bráṫ siḃ, a ṁná, cois Aoine.

Curfá.

7

Raiṫíneaċ, a ḃean ḃeag, a ḃean ḃeag, a ḃean ḃeag,
Raiṫíneaċ, a ḃean ḃeag, scaimpí 's im air ;
Raiṫíneaċ, a ḃean ḃeag, a ḃean ḃeag, a ḃean ḃeag,
'S is beag an ṁaiṫ an scaimpí, mara mbeaḋ an t-im air.

# Na Cleagana.

Gléas F.

{ :f .m | r :d :l$_1$ | r :- :fe$_1$ | s$_1$ :- :fe$_1$ | s$_1$ :- :s$_1$ }
{ An | ḃreac-ḃúir-se Seán ó | Ḃarr an Ċnuic. Ar }

{ | l$_1$ :r :m | f :- :r | m :r :d | r :- :s$_1$ }
{ | lic an tin - teáin ag | rinn - ce Jig? Mar }

{ | s$_1$ :s$_1$ :s$_1$ | s :- :s | s :l :s | f :m :f }
{ | ḋein-eaḋ sé gleo le | cleag-an - a nóḋ - a Do }

{ | r :d :l$_1$ | d :- :r | f :- :l | s :f :m }
{ | tug - aḋ sa treo so | ó Ċeann-tuirc ag - us }

{ | r :d :l$_1$ | r :d :l$_1$ | s$_1$ :- :s$_1$ | s$_1$ :- ‖
{ | ó ḃean a' tiġe, cad é'n | ḃuairt sin ort? ‖

2

Do ḃíodar 'na mbróġaiḃ gleóiḋte dear,
Clúṫṁar cúmpórdaċ 's tar meón le tear;
Níor ḃ'ḟearr ḋuit clúṁ mar ċneasdaċt sé d'ḃonn
Ná ṗeidre breaġ cúmṫa 'cu súd ḃeiṫ ort.
Agus ó, 'ḃean a' tiġe, cad é'n ḃuairt sin ort?

3

Tá cneasuġaḋ na mílte aicíd ionta
Do sgaipfeaḋ gan moill liaṫ-ḃuiḋe nó tsiuċ,
Do ċuirfeaḋ ċun fáin crampaí 'gus fuaċtáin
A's mórán eile s'ránta ná h-áirim duit.
Agus ó, 'ḃean a' tiġe, cad é'n ḃuairt sin ort?

4

Ḃí ṗeiḋre 'cu súd ar ḟionn fadó,
Is 'mó sliaḃ a's fiaḋain-ċúm do ṡiúḃlaiḋ leó;
Is 'mó caṫair do ṫóg mar le buille d'á ḃróig
Do ċuirfeaḋ ċun sgeóin na slóiġte fear.
Agus ó, 'ḃean a' tiġe cad é'n ḃuairt sin ort?

5

Tá croicean ceart-aos d'á ndeunaṁ soin
Ní raiḃ sé poll-ṗéirteaċ ná méirsgreaċ ḃriosg;
Ḃí búcalaí óir go greanta 'na mbeól
Go ḃfeicfeá do ċlóḋ gan ċeó ionta.
Agus ó, 'ḃean a' tiġe, cad é'n ḃuairt sin ort?

6

Ní cuilean ná draiġean a ḃí 'na mbonn
Aċ bíoma ḃreaġ déil ḃí eudtrom úr:
Teanga ḃreáġ ṡleaṁain do ċroicean óg gaṁain
Nár gearaḋ ró ġann, a's mo lom náċ liom
Iad! 's ó, 'ḃean a' tiġe, cad é'n ḃuairt sin ort?

Miċeál Ua Tuama.

## AN ÓG-ĊEARC ĠUIR.

1

A rún ġil 's a stóir, is brónaċ liom,
Mar ċuiris i dtreó 'sa ċró anoċt,
Na trapanna nóḋa
Roim Ḟranncaċ nó ḋó
Do ṁeabruiġ an lón a ḃí i gcóir na muc;
'S is dúḃaċ mé ag caoi d'á ḋruim anois.

2

Nuair ṫánag sa ċlós le móin ó'n gcnoc,
Ḃí ana-ċuid sgeólta nóḋa agat dam,—
Go ndeiġis ansa ċró soir
Le biaḋ ċun na n-óg-ṁuc,
Is go raiḃ Ḟranncaiġ ṫar comaireaṁ rómat sa ṗic,
'S is dúḃaċ mé ag caoi d'á ḋruím anois.

3

Aċ ḃí-se ró-eólgaċ, dar ndóiġ, ċun clis,
A ḃeiṫ imearṫa ar nóċair ḟoġaṁail mar tú,—
Gur ċuiris faoi eornainn
Na trapanna rómpa,
Is go ḃfaġainn-se ar neómat spórt ionnta;
'S is dúḃaċ mé ag caoi d'á ḋruím anois.

4

Níor ḃ'ḟada 'n-a ḋeóiḋ gur ċeólṁar sinn,
Ag taisteal an ċlóis agus tóirse againn,
Ag dul go dtí an cró,
Mar ar ċlunamar glór,
An Ḟranncaiġ 'sa tró 'gur é i mbrón, dar linn,
'S is dúḃaċ mé ag caoi d'á ḋruím anois.

5

Aċ ar sroisint an ċró ba ḃrónaċ sinn,
Már cad a ḃeaḋ romainn ná óg-ċearc ġuir,
Is í greamuiġṫe ar sgeólṁaiġ
I dtrap i bpic eórnann,
A ċuir ceaṫanna deóra gan teóra linn;
'S is duḃaċ mé ag caoi d'á ḋruím anois.

CONĊUḂAR Ó DEASṀUNA.

'Sé an ceol atá leis an aṁrán so ná ceól "Na Cleagana." Tá sé le faġail ar leaṫ. 42.

# Toirḋealḃaċ Cóir.

Gléas C. *Moderato.* Fonn: "An Gandal."

{:t :l |s :-.m:m |m :-.f:m |r :-.r:r |r :- }
{ Ní ċreid - eam go | deó, ó aon a ḃeiḋeas | beó, }

{:r |m :m :m |s :-.l:t |d' :- :l |t :- }
{"Beir boċt nó go | león - aiḋ an bás | ṫú"; }

{:l |s :- :m |m :-.f:m |r :r :r |r :- }
{ A's a liaċt sin | dóiġ a dtuit - ean mór - | ṫorṫa }

{:r |s :l :t |l :s :l |s :- :- |s : ‖
{ Ar ḋui - ne gan | stró, a's é ár - | sa ‖

{:r :s :s :l |t :- :d' |r' :r' :t |l :- }
{ Ní ḟios do neaċ | beó, an ṁai - din nó'n | neóin, }

{:s :s.s:s :s |s :l :t |d' :- :l |t :- }
{ A gcuirfiḋ an Rí | glór - ṁar aḋ | air; }

{:l |s :m :m |m :f :m |r :r :r |r :- }
{ Féaċ teaġ - aḋ i | gcóir-te ag tair - deal na | mbóṫar }

{:r |s :l :t |l :s :l |s :- :- |s : ‖
{ Síos, Toirdeal - ḃaċ * | cóir ua hÁm - | uill. ‖

* Tréal-aċ.

2

Níor ċruinniġ sé stór, nó ciste de'n ór,
  Nać scapfaḋ 'dtiġ-'n-óil go fáilteaċ;
(Do) ṡuiḋfeaḋ fá ḃord ó ṁaidin Dia-Doṁnaiġ
  Go n-éireoċ' an ló Dia-Saṫruin air;
Ní ġlacfaḋ sé coṁairle ṁná, nó ṁi-Lord,
  Ní ḟoirfeaḋ, ní ṫreaḃfaḋ, 's ní ḟálfaḋ;
'S nać ḃfeic siḃ fá ḋeoiḋ gur ċuir fortún i gcóirte
  Toirḋealḃaċ cóir Ua hAmuill.

3

Ní raiḃ tiġ leanna fá ċuairt, ó Ċarraig ó ṫuaiḋ,
  Go hInis-ċaoin ruaire na fáilte;
Ó sin go Móin-ḟuaġaiḋ, 's go Dealgain na gcuaċ,
  Ná'r ṫiormuiġ sé suas, mo ṗáirde:
Dá dteagaḋ na sluaiġte ṗronnaḋ gan gruaim,
  Na carca ó'n ċuan, gan ċánaiġ;
'S ní raiḃ orlóir gan duais ó Ṫoirḋealḃaċ ruaḋ,
  Fó'n eaċraḋ ċur suas ar stábla.

4

B'ḟearr liom lem' ḃeó, gan ċapall, gan ḃó,
  Gan earraḋ, a's fós, gan árus;
'Ná imṫeaċt 'san ród, mar Icarus óg
  Mac Daedaluis eólaċ áḋṁair;
B'ḟearr imṫeaċt 'san meoḋain, mar teagasgaḋ ḋó,
  'Ná ḃrosnaḋ le srró go hárd suas;
'S gur ṫuit sé fá ḋeóiḋ, 's a ċleite gan treóir,
  'S gur i dtonnaiḃ na bóċna báṫaḋ é.

5

A Ṫoirḋealḃaċ, fiaṫ! ná lean-sa do'n ṁaġail,
  Lé'r cailleaḋ an fial-ṁac áiriġṫe;
Tráṫ ṫaḃuiḋ de'n ġrian, cead a heaċraḋ do ṁiar
  Ag imṫeaċt le raġail a ṁáṫara:
Leig leis na srianta a's ḃrosnaḋ gan cian,
  Na greaḋa ḃí diana, dán-ḃrasa,
Gur loisgeaḋ 's na ciantaiḃ na hóirsons fiar,
  'S naċ dona ċuaiḋ a ṁian do Ṗáeton.

6

Dá nglacfaḋ mo ċóṁairle gaċ duine dá dtaḃrann
  Tuilte do'n ór, a's grád fós,
Aigne ní ṫóigfeaḋ seaċa mar ċóir dó,
  Aċ imṫeaċt 'san nós is gnáṫ leis;
Ní'l ann aċ ceó, ní ṁaireann sé 'gcoṁnuiḋe,
  'S is peacaḋ ró-ṁór a lán dé;
'S go sgagann a ċóiste amaċ ar a ṫóin
  An fear úd naċ eól dó, a's náire air!

PEADAR UA DOIRNIN.

(1704-1769.)

# mo ċreaċ a's mo ċás.

Gléas E♭. Fonn : " Bruaċ na Carraige Báine."

{ : d.r | m :- :r.d.$d_1$ | d :- : r.m | r :- : d.$l_1$ | $s_1$ :- }
mo | ċreaċ a's mo ċás ná | ta - gann liom snáṁ,

{ : l.s | m.m :- : r.m | d : $l_1$ : $t_1$.$s_1$ | $l_1$ :- :- | $l_1$ :- }
mar | luingeas ar bárr na | taoi - de,

{ : d.r | m.m :- :r.d.$d_1$ | d :- : r.m | r :- : d.$l_1$ | $s_1$ :- }
nú | eit-ilt mar ċág nú go | ragainn go dtí m' ġráḋ

{ : l.s | m.m :- : r.m | d : $l_1$ : $t_1$.$s_1$ | $l_1$ :- :- | $l_1$ :- }
pé | baile nú áit go | mbíonn sé.

{ : d | $l_1$ : $s_1$ : $s_1$ | s.s :- : l.l | l : m : r | d :- }
go | neór-fainn mo ġearán a's mo | ear - ba gaċ lá,

{ : d | d : m : s | l :- : t | l :- :- | s :- }
ó | cuir-eaḋ ċun fáin 's a | tír mé,

{ : l | l : m : r | d : r : m | r : d : $l_1$ | $s_1$ :- }
gan | scil-ling ar faġáil aċ | uir - ear - ba 's gáḋ,

{ : l.s | m.m :- : r.m | d : $l_1$ : $t_1$.$s_1$ | $l_1$ :- :- | $l_1$ :- ‖
a's mé | bris-tear an bád cáim | díol - ta.

2

Ó do ċois dear i mbróig a bí fuiḋte go leór
  Ba ḋear liom ag gabáilt na sliġe tú
Ar ṁuin ċapaill fé scóip ag tarraingt 's a ród
  Ba ṁinic ag ól 's ag díol tú.
Do ṡamail-se d'ḟear óg ní ḟeaca riaṁ fós,
  'S níor casaḋ sé ḋó am' líon tú,
Cuir litir sa ṗórt ó Ṡasana nóḋ
  Pé baile nú áit i mbíonn tú.

3

A's ó ṫáir ar a ṫaoḃ gur cuireaḋ romat léiġean
  'S nár leigeaḋ ar scrae tú aḋ' ṫógaint
Go ḃfuil clisdeaċt at' ḃéal a's do leacain mar aol
  A's tú ag amarc ar Réilṫean eóluis.
Ó ! b'ḟearra liom féin ná baile fé léir
  A's ná fearanta saor gan feóirling
Go gcloisinn ót' ḃéal a bí binn gan aon ḃréag
  Ar ḟearaig an ġaoṫ i gcóir duit.

Miċeál Ó Foġluḋa atá anois 'n-a ṫimṫire ag Dála Déise do ċuir ċuġam an t-amrán so, idir ceól agus focail. 'Sé an Miċeál Ó Foġluḋa céadna do ṡeól ċuġam ceól an amráin " An túirnín lín " bliaḋanta éigint ó ṡin. Bí sé an uair sin 'n-a ċómnuiḋe i nGlascú agus do ṡílear gur fear ó Ḋún na nGall é. Tá 'ḟios agam anois gur ó h-Árd Mór Ḋeagláin i nDéisib é. Buḋ ṁaiṫ liom ceartú do ḋéanaṁ ar ar scríoḃas 'n-a ṫaoḃ ceana. Táim fé ċumaoin aige anois airís.

# Maidin Álainn Gréine.

Gléas F. Cuibrac mall.

| | | | |
|---|---|---|---|
| s .m :r .d | $l_1$ .,$t_1$ :d .$l_1$ | $s_1$ .$l_1$ :d .r | d : .d |
| Maidin á-luinn | gréin - e 's mé 'r | ṫaoḃ cnuic na | buaile, 'Seaḋ |
| d .d :m .s | l .t :- .l | s .l :s .$t_1$ | r .d :- .d |
| ḋearcas cúilḟion | ṁaor-ḋa 's a | bréidin fliuċ ón | lua-ċair, Ḃí |
| d :m .s | l .t :- .l | s .,m :d .d | f .,s :l .l |
| gile 's finn-e 'n | éin-ḟeaċt go | gréin - eaċ 'n-a | gruaiḋ-niḃ, a's |
| s .m :r .d | $l_1$ .,$t_1$ :d .$l_1$ | $s_1$ .,$l_1$ :d .r | m .,l :l .l |
| d'ḟúig sí m'intinn | léan - ṁar 's is | baoġ - laċ naċ | buan a ḃeaḋ, a's |
| s .m :r .d | $l_1$ .$s_1$ :$l_1$ .$t_1$ | d :d | d : |
| ġeóḃam ai-ṙís an | crúis - cín | lán, lán, | lán. |

2

D'ḟiafruiġeas-sa go béasaċ de'n spéir-ḃruinneal stuamḋa
" Cá ḃfuil do ġaolta, nú cad é an taoḃ as gur ġluaisis
An bean ar fán an tsaoġail tú gan céile ar a ṫuairisg
Nú an fíor gur tusa Céarnait ċuir tréan ṁuilte ar fuaimint ? "

A's ġeóḃam aiṙís, 7rl.

3

'Sa óig-ḟir ċlúṁail léiġeanta ní haoinne mé d'á ndubṙais
Aċ bean do ṁaiṫiḃ Gaoḋal mé 'ta léunuiġṫe ag cruaḋtan
M'ainm ceart-sa Éire a's Mac Séarlas ġá luaḋ liom
'S búr mbailte puirt ag béaraiḃ an éiṫig a's an fuadaig.

A's ġeóḃam, 7rl.

4

Leigfead fearta dem ḋántaiḃ, táim cráiḋte ó na nduantaiḃ
Ag bailiuġaḋ cíosa a's cána a's gan fáġail ar aon dualgas
Ag feiṫeaṁ ar an lá úd nár ṫáinig aon ḟuasgailt
'S is mór an galar báis liom an t-ál so fé ċruaḋ-smaċt.

A's ġeóḃam, ⁊rl.

5

Ná leig-se fearta ded' ḋántaiḃ, ní gáḋ ḋuit ḃeiṫ buarṫa
Gíḋ fada ḋúinn ag tracht air, tá an ċáirde linn buailte
Is cúilḟion ṁaireaċ mná mé do ṫáinig le tuairisg
Go ḃfuil Conail ó Uíḃ Ráṫaċ, a's an lá aige siud buaiḋte.

A's ġeóḃam, ⁊rl.

6

Do ṫugas crotaḋ láṁ ḋí, agus céad fáilte roiṁ an stuaire
Cuire stad go lá ḋi, go sásta ar a suaiṁneas
Do ḋóġfainn teinte cnáṁa ḋi mar átar i mór-ċnuic
Mar ṡúil go mbeaḋ an lá 'gainn, a's cead sáir ar na huaisliḃ.

A's ġeóḃam, ⁊rl.

7

Níl neart dom stad go lá, cé gur gáḃtar liom suaiṁneas
Caiṫfead triall go Clár Luirc, tá an báire le bualaḋ
Beiḋ Sasanaiġ a's a n-álta gan fáġaltar d'á ruagairt
'S Clanna Gaeḋeal 'n-a n-áitreaḃ, 's is áṫas é ró-ṁór linn

A's ġeóḃam, ⁊rl.

Máire Buiḋe.

# An Banḃ

Gléas C.

:d' | d' :t :d' | d' :- :d' | d' :r' :m' | r' :t :s
Ar | maid-in Dé Máirt ba | ċráiḋ-te ḃí m'aig - in' am

| t :d' :r' | d' :t :s | s :f :r | m :d :d'.d'
| ḟuiḋe ar ċeann cláir ag iṫe | prá - taí 'gus bainne leo ; Nuair a

| d' :t :d' | d' :d' :d' | d' :r' :m' | r' :t :s
| ṗreab ċugam mo ṁá - ṫair ba | ḋán - a ḃí a laḃ - ar - ṫa,

| t :d' :r' | d' :t :s | s :f :r | m :f :s ||
| "Éiriġ at' ḟuiḋe 'sṫráil-e, ar | fán ċuaiḋ an ban - ḃ uainn." ||

Curfá—

| s :f :r | d :- :d' | d' :r' :d' | d' :t :s
| Rites fol de ó, Rites | fol de ral é ral í

| m :f :r | d :- :r | m :s :f | r :d :t,
| Rites fol de ó, Rites | fol do ral é ral í

| d :- :- ||
| dee. ||

2

Do ṗreabas ón mbórd, ḋeineas comarṫa na croiṡ' orm
'S mo hata le fórsa am ḋóiḋ liom gur sġiubas é ;
Do riṫeas an bóṫar go dtí na comarsain ba ġiorra ḋom,
Féaċaint a' gcasfaí le nóimeat ar sṫró banḃ muic' orra
Curfá.

3

Ar filleaḋ ḋoṁsa ba ḃrónaċ ḃí m'aigne,
Le súil a's fá ḋóiġ, go ngeoḃfaí don ṁaide orm ;
'Sé an leaṫ-scéal do fuaras sar a mbuailfí sa ṁalain mé
Gur ceuḋlacan muar ċuir an ruagairt ċoṁ tapaiḋ air.

Curfá.

4

Níor ṫaiṫin san mar ráiteaċas leis na mnáiḃ do ḃí am baile roṁam,
Duḃradar nár ġnáṫaċ le fáiḋe ḃeiṫ raṫṁar riaṁ ;
" Eiriġ as' ṡuiḋe a stráile, 'gus sláṫair an banḃ ċuġainn
Nú ní íosfair aon ṗráta ar an gclár seo 'n faid mairfiḋ tú.

Curfá.

5

Forasta tógaiḋ, fóil ná biḋ cealgaċ,
Mar is eól doṁsa é ḟógairt gan feóirlinn do ċailleaṁaint leis."
D'imṫiġeas an bóṫar ar seól ċun an geata soir,
Rian a ċrúibín do fuaras gan fuaċt ins an laṫaiġ ann.

Curfá.

6

Cuaḋas ó ṫuaiḋ go dtí 'n teampail, mar ḃí óg-ḃruinneal ṁais-eaṁail,
Dúḃairt go raiḃ sé sa ċlós nuair ḃí bólaċt ar bainne aici.
D'imṫiġeas ó ṫuaiḋ a's mór tímpal an leasa siar,
Agus fuaras sa tuar é, 'gur fuadar ċun treaḃta faoi.

Curfá.

7

Ba ṫruaġ leatsa an " Poet " ag iarraiḋ é ċóisteáil a baile leis,
Ná raiḃ aige córda ná póna go gcarsfaḋ é;
Do rugas ar ċluais air lem' fuaimeat nár leagaḋ mé,
Go n-aireóċfá gan spleáċas i n-Annaċáile a' screadaḋ é.

Curfá.

8

I dtaoḃ na raḃcán so, bíon a lán daoine i n-arraid liom,
Bíon, a's mo ṁáṫair, i dtaoḃ tráċt ar an mbanḃ so.
Ba ḋóiġ liomsa go mb'ḟearr san ná beiṫ i dtiġ'n tábairne ag ragairneaċt
Ar meisge, crostálṫa a's constáblaċa am' stracaḋ leo.

Curfá.

## An Curaicín Cois na Bríġde.

Gléas E. *Andante.*

| $:l_1$ | $l_1$ :- :$t_1$ | d :- :r | m :l :- | - : :t |
|---|---|---|---|---|
| Is | fad - a mé | 'ġaḃail | tím-pal, | a' |
| | l :- :s | m :- :r | m :$l_1$ :- | - : :$t_1$.$t_1$ |
| | siúḃal cúig - í | a's | tíor - ċa, | A'ḃfuil ó |
| | d :- :$t_1$ | d :- :r | m :- :f | m :- :r |
| | Ċa - is - eal | go | Beann - tráiġe | 'S de'n |
| | r :- :- | d :- :$t_1$ | d :- :- | - : :$l_1$.$l_1$ |
| | sgríb | sin coir | tráġa. | Nú gur |
| | $l_1$ :- :$t_1$ | d :- :r | m :l :- | - : :t |
| | ṡeól an t-óġ - | ṁac | Naoṁ-ċa | 'Sa |
| | l :- :s | m :- :r | m :$l_1$ :- | - : :$t_1$ |
| | ród a - réir | ċun | tíġe mé, | Ċuġ |
| | d :- :$t_1$ | d :- :r | m :- :f | m :- :r |
| | bárr ó áil - | ne 'r | saoi - ċe | go |
| | r :- :- | d :- :$t_1$ | d :- :- | - : ‖ s |
| | críċ | eil - e | fáil. | Tá'n |
| | l :- :s | l :- :t | $d^1$ :t :- | - :$d^1$ :t |
| | cuan ag snáṁ | go | h-aoiḃ-inn, | A'r an |

| l :- :t | d' :- :t | l :m :- | - :- :s |
long ṫar sáil' a' | tíoċt ċúġainn,

| s l :- :s | l :- :t | d' :t :- | - : :t |
ár - ṫaiġe cúṁr - ṫa | líon - ta de

| t :- :l | l :- :s | l :- :- | - : :s .s |
fí - on geal ó'n | Spáinn, Tá na

| l :- :s | l :- :t | d' :t :- | - : :l .l |
báid 'na rár a - | níor ann fá na

| s :- :l .l | m :r :- | m :$l_1$ :- | - : :$t_1$.$t_1$ |
lán - neart i mbar-raí | taoi-de Teaċt 'dtí'n

| d .d :- :$t_1$ | d :- :r | m :- :f | m :- :r |
Curai - ċín coir na | bríġ - id - e 'dtí'n

| r :- :- | d :- :$t_1$ | d :- :- | - : ||
líġeaċ geal gan | ċáim.

2

Tá an bán-ḃroc go clúṫair díonṁar,
A'r forgaḋ ó gaċ síon ann,
Taiṫneaṁ gréine ag luiġe air,
'S ir 'mdo brainnre ann ag fár;
Fir a'r sprúr gan críonaḋ,
Iubar a'r laurel díreaċ,
Cárṫann, cuileann groiḋe,
'S an ríġin-dair do hárd!

fuinnseog, beit a's beech ann,
A's an leamán breaġ gan aimleas,
An uile ṡórt eile adṁaid
  Naċ cuiṁin liom ar tráċt.
Tá ceileabar éan ar ċrainn ann,
An lon 's an smóilín binn ann—
Sa Ċuraiċín cois na Bríġde
  Ag an Liġeaċ geal gan ċáim!

3

'Sé Pádraig gráḋmar Liġe é,
Toġa 'gus roġa na díse,
'S a ċéile Béasa ċaoin-tais
  Nár claoiḋte le ráḋ,
Óig-ḟear cróḋa, groiḋe mear
De ṗréaṁ-ṡlioċt óige ó'n tír seo,
Cruṫaṁail spórt neaṁ-ṫaiḃḃreaċ
  'S gan aon teiṁeal ar a ċáil!
Táid uaisle 's éigs' ag suiḋe ann—
Cléir go sulṫmar síṫeaċ ann,
Ceól, is spórt a's aoiḃneas
  Ḃíoḋ acu de ġnáṫ;
Tá boċta Dé 'gus daill
Ag fáġáil iostais lae' gus oiḋċe
Sa Ċuraiċín cois na Bríġde
  Ag an Liġeaċ geal gan ċáim!

Seán Ó Liġe,
ón Lios Mór.

Seo ṫuas againn an ceól fé mar ṫugann daoine i gCo Ṗortláirge an t-aṁrán uaṫa.

# mo ṫeaġlaċ.

Gléas E♭. go h-éadrom.

Curfá.

| | | | | |
|---|---|---|---|---|
| :s.f | m :-.d:d | d :-.m:s | *f.* d' :t :l | s :- |
| Seinn | h-aḋ - raiḃ! ó! | h-úr - aiḃ! ó! | h-úġ-aiḃ! ó! | hí! |
| :f | m :-.d:d | d :r :m | f :m :f | r :- |
| 'Siúḋ | ag - aiḃ an | ob - air ḋ'fág | meiḋ-reaċ m'im | ċroiḋe! |
| :s | m :-.d:d | d :m :s | d' :t :l | s :- |
| Nuair | seol - aim mo | ċos' ċun mo | ṫeaġ-laċ beag | grinn |
| :f | m :d :m | r :t₁ :r | d :- :- | d :- *Fine* |
| Ar | ċríoċ-nú' ar | ṡao - ṫar mo | lae | ḋom. |
| :d | d :-.r:m | m :-.m:m.m | s :-.m:m | m :- |
| 'Siúḋ | ċall ṫar an | ear - aċ mar a | ḃrár - ann gaċ | craoḃ |
| :m.m | f :-.m:f | r :-.m:f | s :m :d | d :- |
| An bo- | ċáin - ín beag | aoiḃ - inn ḋo | geal-aḋ le | h-aol |
| :s | l :-.f:f | d' :t :l | s :f :m | d' :- |
| Siúḋ | ag - aiḃ mo | ṫeaġ-laċ, 's | ṫeaġ-laċ mo | ġaolṫ' |
| :f.f | m :d :m | r :t₁ :r | d :- :- | d :- D.C. |
| Mar a | gcaiṫ-im mo | ṡao - gal go | ráṫ - | ta. |

2

Tá maise 'san áit úd a's breáġṫaċt ró ṁuar
Tá biolar 's nóinín 's seamróg na dtrí gcluas.
Tá foiṫin 'sa ġeiṁreaḋ ó ġaoiṫ an taoiḃ ṫuaiḋ—
Sin molaḋ a's tuairisg ar (a) áilneaċt—.

Curfá—

3

Tá nádúr 'san áit úd 'gus éanlaiṫ ċun ċeoil
Tá duilleaḃar 's sméara 's an ċéirseaċ 's an smól;
Tá sgáṫ ann 's fuarṫan ó ḃroṫal um neóin,
A's Móirín a' crónán do'n ṗáisde.

Curfá—

4

Guiḋim sonas 's áḋ ort, 'ḃoṫáinín, gaċ am
Mar ar ṫógas gan gábtar mór-áireaṁ dom' ċlann
A gcroiḋe 's a nádúr go bráċ go raiḃ teann,
A's aoiḃneas ċoiḋċe 'nbúr mbláṫ-ṡúl!

Curfá—

| *cres.* | *dim.* | *cres.* |
| .m :m .f | m .,r :r .d :t₁ .d | r :s . |
| 'S ní ḃfuair sé | fá - ṫam ḋe ċail - ín | ṁán - la |
| | *dim.* *pp* | |
| .l :t .d' | l .,f :r .t₁ :d .d | d :- . ‖ |
| ġur ġluais an | sṫáid - ḃean 'steaċ 'un an | tiġe. |

2

'Sí Nuala Seoiġe an óigḃean ṁúinte
  A ġluais ar cuairt isteaċ do'n tír.
Ṫug Máirtín a annsaċt dí, mar ḃí sé múinte,
  Agus ċuir sé a ḋúṫraċt dí i gcéill.
Ní'l aon óigḃean i ngleanntaiḃ Ḋuḃċta
  Naċ ḃfuil ag gol d'á súiliḃ le cuṁaḋ 'n-a ḋéiḋ,
'S mar dtigiḋ a ḃaile ċúċa, béiḋid 'n-a gcúrsa
  Go ḃfaġaiḋ siad tuairisg cá gcoṁnuiġeann sé.

3

Stad tusa feasta, a Ṗádraic Seoiġe,
  A's ná cuir do ġlórṫa amaċ faoi'n tír,
Má ṫug mé an buaċaill uait 's gur ṡiuḃail sé an ród liom
  Táir faoi ḃrón go ró-ṁór ina ḋiaiḋ.
Níor ċuir mé suim ariaṁ i nglórṫaiḃ,
  Ciḋ gur b'óigḃean mé a ċuaiḋ i gcéin,
'S má ṡiuḃail sé'n bealaċ is é do mo ṫreóruġaḋ
  Naċ iomḋa óig-ḟear a ḋeanfaḋ é ?

4

Tá Paidín a's Máire buarṫa cráiḋte
  I ndiaiḋ an óig-ḟir naċ ḃfillfiḋ coiḋċ'.
Ṫug sé an ruaig leis go hInnis Ḃó Finn'
  'S fuair mé a ṫuairisg i nAcaill ṫíos.
Dá mbeaḋ ḟios agam-sa gur ar ṫóir mo ḃuaċaill
  A ġluais an ċuairsge údaiġ 'steaċ do'n tír,
Ḃeaḋ sgata madaḋ 'gam a's báillí cruaiḋe
  'Ġur ċuirfinn ruaig uirṫi 'un bealaiġ arís.

# cormac spáinneaċ.

Gléas D. Go haerac.

| | | | |
|---|---|---|---|
| : .m | l .t :d' .l | m .m :m .f,f | s .l :t .d' |
| 'Sa | ċail-ín deas na | gcocán gcas, náfuil | snóḋ ná daṫ na |

| | | |
|---|---|---|
| r' .t :s .t | l .t :d' .l | m .r :r .r' |
| gréi-ne ort, an | dtiocfá liom don | tír o ḋeas, ag |

| | | |
|---|---|---|
| m' .r' :d' .t | l :l .d' | d' .d' :d' .m' |
| féa-caint seal d'ár | ngaol - ta. Do | ṫug mé grád a's |

| | | |
|---|---|---|
| r' .r' :r' .m' | d' .d' :d' .m' | r' .t :s .t |
| taiṫ-neaṁ ḋuit gan | ḟios don tsaogal | ḃréag - aċ, mar |

| | | |
|---|---|---|
| d' .d' :d' .m' | r' .r' :r' .f' | m' .r' :d' .t |
| ḟúil 's go dtioc-fá | 'ḃai - le liom, 'S go | mbei-ṫeá 'gam mar |

| | |
|---|---|
| l :l . | ‖ |
| céi - le. | |


2

'S a ḋrumadóir cad ṫuigtear ḋuit
  Naċ Reanagád 's an tír ṫú,
'S ní hé sin féin is measa liom,
  Aċ ná feadar mé cé'r dioḃ ṫú.
Do ċroicean gaḃair dá ġreadaḋ 'gat,
  Is olc an biaḋ do ṁnaoi é,
Ag siuḃal na mbóiṫre fada leat,
  A's laṫaċ uirre a's ríobul.

Petrie calls this "a fine air," and not hitherto incorporated in any of the published collections. The tune is known by the name of "Is gorta ċugat-sa" in Connacht. O'Curry had reason to believe it to be the clan march of the princely tribe of the MacCarthys. "Dia na ḃfeart ad ċuṁdaċ" by Seán Cláraċ is written to this air. That song was composed by Seán for Cormac MacCarthy "Spáineaċ" of Carraig na ḃfear. The song which I here give is a satirical one written to this air by Thomas Gleeson, a poet of Co. Limerick. Two verses only are preserved. It is a dialogue between a drummer and a farmer's daughter. These were sent to Petrie by James Fogarty of Tybroughny, Carrick-on-Suir. The words adapted to this air by Seán Cláraċ require a repetition of the first strain, and also a return to that strain as a conclusion.

## A buaċaill an ċúil ḋualaiġ.

ġléas E. *Andantino.*



2

A ḃuaċail an ċúil dualaiġ,
  Nár ḟeice mé Dia,
Go bḟeicim-se do sgáile
  Teaċt 'dir mé 's an ġrian!
Ní ṫuigeann tú mo ṁearuġaḋ,
  'S ní airiġeann tú mo ṗian;
A's mar ḃarr ar gaċ aindeis,
  Is leat do ċailleas mo ċiall.

3

A ḃuaċail an ċúil dualaiġ,
  An bḟuil ár sonas le faġáil,
Nó an mbeimíd 'n ár gcoṁnuiḋe,
  Ar aon lóistín aṁáin?
Sinn araon pósda,
  A stóir 's a ḋian ġráḋ!
Ár naíṁdiḃ fá ḃrón,
  A's ár gcoṁġar go sáṁ!

1 Leaḃar Petrie do fuaras an t-aṁrán agus an ceól so ṫuas. Seo mar a laḃrann Petrie i dtaoḃ an ċeóil: "The setting here given, which was noted from the singing of the late Patrick Coneely (a famous Galway piper) in 1839, is, I am satisfied, an accurate one; for I have found an almost perfectly similar notation of the air in the collection of Mr. J. E. Pigott, and which was copied from a MS. belonging to Mr. Hardiman, of Galway."

The Yellow Road

# Ag an mbóiṫrín buiḋe.

Gléas F. *Moderato.*



2

Dá ḃfaġainn-se mo rúin,
  Do ḋéanfainn ḋi cúirt,
Ba ḋeise dá'r duḃraḋ i n-Éirinn;
  A's do ḃeaḋ aici an bárr
  Ċoiḋċe 's go bráċ
Ó ḟearaiḃ a's ó ṁnáiḃ ar ḟéile.
  Mar is ad' ḃrollaċ geal bán,
  Tá solus gaċ lá,
A's ní áirṁim-se clár geal t'éadain;
  A's dá ḃféadainn a ráḋ
  Gur tusa mo ġráḋ
Níor ḃ'eaglaċ mé ar ḋáil an éaga.

Seo mar a labrann Petrie i dtaoḃ an aṁráin a's an ċeóil:—
"Melody and words were noted down during the present year from the singing of Teige MacMahon, a Co. Claré peasant, whose memory is a rich depository of the fine tunes of his native county. The melody appears to me to be a good example in structure and tone of sentiment of a class of tunes very abundant in Clare. They have an animated movement, and, even when blended with cadences of tenderness or sorrow, breathe a manly buoyancy of spirits, in a high degree characteristic of the manly race, and such as might be expected would emanate from, and be expressive of, the feelings of the great warlike and unconquered tribe of Dal-Cais."

# Cois na Briġde.

Gléas G. *Adagio.* Fonn: "An clár bog déil."

```
:d  .f  | m,   :r  .d  :t,  .r  | d  .t,  :s,   :—  m, |
 Cois na  bríġ  -  de   féal do    bíos -  sa        go

| f,   :—  .s,  :s,   | s,ta,  :—  .s,  :f,  .m, |
  fú          gach       sám;       ag   tar - aing

| f,   :—  .s,  :s,  .s,  | s,   :—   :s,  |
  síos    ar    ainn - ir    caoin       An

| ms   :—   :s . f . m   | m   :—  .f ,r  :d  .,s, |
  úr         la            bán;     ba     ġil - e

| s,   :s,   :s,  .s,  | s,   :—   :s,  .d  |
  píb   ná    eal - a'r   linn       's ná

| m    :—   :f   | s  .,l  :s  .f  :d  .f  |
  drúcht     ar     bán;    's ní   cois -

| m    :r  .,d  :t,  .r  | d  .t,  :s,   :—  .,m, |
  críoċ  mé  aċ  bua - ċail  bríoġ - mar,       ó

| f,   :—  .s,  :s,  | s,   :   ||
  dún          na     mbád.
```

2

Searc mo ċléiḃ do ṫugas féin duit,
  'S grá ṫré rún!
'S dá dtagaḋ sé dom ċor san tsaoġal,
  Go mbeiḋinn lá 'gus tú;
Ceangal cléire ḃeiṫ orrainn araon,
  Faoi ḟáinne dlúṫ;
Aċ dá ḃfeicfinn féin tú ag fear san tsaoġal,
  Geoḃainn bás le cumaḋ!

3

Tá úr-ṗíb agam rún croiḋe,
  A's brágaid mar aol;
'S a cúilín cas búclaċ
  Ag fás go féar;
Mo ċumaḋ ṫríom naċ sa n-úir sínte
  Do fágḃaḋ mé!
Sul ar stiúruiġeaḋ mé i gcúigí
  'S mo ġráḋ tar m'éis.

4

Naċ duḃċroiḋeaċ mé i ḃfronntar,
  Mar táim i bpéin!
'S naċ iontaoiḃ leat sciúirse,
  Dem' ṡórt gan spré;
Go deiṁin duit-se a ṁaiġdean,
  Dá mb'áil leat é,
Do leiġisfeá-sa an traiġead so
  Tré lár mo ċléiḃ.

'Liam Inglis.

"The river Bride unites with the Blackwater at Strangally Castle, near the celebrated Linn na Sagart, or priests' lake, so called, as the tradition informs us, because nine priests were sent fettered in a boat by one of the Earls of Grandison in 1641, and said boat was scuttled by his orders on reaching the centre of the lake, and all were drowned."—JOHN O'DONOVAN.

# Na Sláintí.

Gléas E♭. Fonn: "Éamonn an Ċnuic."

{ :m | d :- :$l_1$ .,$t_1$ | d :- :d .r | m .$d^1$ :- :t }
Slán ċun na | gcnoc, 's ċun árd | gleanna an

{ l :- :l | s :- :m .r | d :- :r .m }
truilt, Agus | slán leat-sa, a | ċiob - fad

{ f :- :m.r.d | $l_1$ :- :m | d :- :$l_1$ .,$t_1$ }
á - | fann; Ċun | Seáin gil uí

{ d :- :d .r | m :$d^1$ :t | l :- :t .l }
Ċuinn, Ag-us | Séa - mair gan | ċoir, le

{ s :m :r | d :- :r .m | r :- :d .r }
saor - ċead óm | ċoil céad | slán

{ d :- :s | l :f :$d^1$ | s :m :s }
ċugaiḃ: gaċ | lá ḃíoḋ | ag - uinn cead

{ l :t :- .l | s :- :s | s :- .m :r }
vault ag - us | con, | ḃái - re 'gus

{ d :- :r .m | f :- :m.r.d | $l_1$ :- :m .r }
riċ tar éis | snáḋaim | seal, ar

d :- :$l_1$ .$t_1$ | d :- :d .r | m :$d^1$ :t
ṁóin - te ṁín | ḃog ag cur | seol - aḋ faoi

l :- :ṫ .l | s :m :r | d :- :r .m
ḟoc, Sin | slán uaim lem | ġoin don

r :- :d .r | d : ||
ráig | sin !

2

Slán ċun na habann—mo ġráḋ "Lios na nGall,"
'S gaċ páirc ḋeas dá ngabaimís tríṫe;
Slán ċun an dream a's ċun árd-ġuṫ na ngleann,
D'ḟágamair-ne an am aoibinn!
Tá mo ṡláinte go fann ó ráiniġ mé 'nonn,
'S ná tráċtaiḋ liom ar am na baoise,
Mar a mbí báire 'gus greann le fáġail ann go Saṁain,
Agus slán le n-ár lionnta bruiġde!

3

Slán ċun na Muṁan 's ċun Ṡeáin ġil de Búrc,
Agus slán ċuġaiḃ go dlúṫ le ċéile;
Slán ċun na Cúlaċ mar a mbíoḋ an greann,
Agus scáirdeaċ den mbrannda daor leis.
Tá mo ṡláinte go fann ó ráiniġ mé ann,
'S ná tráċtaiḋ siad liom ar Ṁaoṫail,
Do ċaill mé mo ṡiubal mo vault 's mo lúṫ,
Ó d'ḟág mé an tSiúir 's an Réidċorll.

4

Slán ċun an dá Uilliam tá ag craḋ-ġol am ḋiaiḋ,
  Agus slán ċuġat-sa siar, a Ṗádruig;
Slán ċun na gcliar a d'ḟág mé i bpian,
  Agus slán ċun na mbriaṫra cráiḋte;
Tá do ṡláinte-se, 'Ḃriain, 'dir láṁa 'guinn le bliain,
  Gaċ lá ag cur ciaċa gráḋ díom,
Sláinte ḟada óm' ċliaḃ le hárd-ċeas a's pian,
  Ċun sáir-ḟear na gcliar tar sáile!

5

Cá ḃfáġfainn tú, a Ṗilib, slán ċuġat a ċuirim,
  Slán ċun tuille ḋod' ċoṁarsa,
Slán ċun mo ċumainn 'tá i "gCnoc na Curra"
  Slán agus fiċe dom' stórać.
Go dtráiġfiḋ an tuile 'tá 'dir mé 's tusa,
  Gráḋ ḃeiḋ agam i gcoṁad duit,
Lám ar mo ġloine, slán ċuġat a ċuirim,
  Do ṡláinte tar muir 'noir ólaim!

Uilliam Ó Conaire.

"William O'Connery was a native of Tipperary. Having been intended for the priesthood by his parents, he had to go to the Continent to complete his ecclesiastical studies, and receive Holy Orders on account of the penal laws. During his stay there he wrote this song and sent it home in a letter to his friends in Tip. After his ordination he returned to his native land, and was parish priest in Bansha in the year 1766."—JOHN O'DONOVAN.

# Lúibín na mbúclaí.

Fonn: "Róisín Duḃ."

1

Ní'l súgaiḋeaċt ná dúil grinn,
  le spás am' ġaoir!
Aċ lúṫ-ṡaiġead am' ḃrúṫ' síos;
  le gráḋ don mbé,
A ṡiúirín na ḃfionn-dlaoiṫ
  Ag fás go féar,
Ó ḋúisiġis mo ċúis caoi,
  Ná fág mé 'bpéin!

2

Tá a cúilín go cúl-ḃuiḋe,
  Ag fás go féar;
'S a cam-ḃraoiṫ' go dlúṫ mín,
  Mar ṡnáiṫe caol,
Naċ cúma-ċraoiḋeaċ i gcúigí,
  Mar táim i bpéin;
Ag lúibín na mbúclaí
  'S naċ áil léi mé!

3

A ċúil doinn don ċrú ċaoin
  Do ṡáruiġ mé;
Is dúḃaċ bím am ċuin-tsnuiġeaṁ,
  Do ġnáṫ ad ḋéiġ;
A ṁúirnín is tú ġuiḋim,
  Ar ġráḋ Ṁic Dé;
O stiúruiġis an ṗuḋair tríom,
  Uċ, slánuiġ mé!

'Liam Inglis.

Tá ceól an "Rós geal duḃ" le faġáil ar leaṫ. 12. Tá seaċt gceaṫ-raṁna ar fad san aṁrán.

## Gaorṫai Aiririġe.

Gléas E♭. *Moderato.* Fonn: "Leaba clúṁ a's córdaí."

| | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|
| :s₁ | d :- .r | m :s | f :m | r | | |
| ar | sméid - e | súl ar | maid - ion | laoi, | | |
| :d | t₁ :- .d | r :d | t₁ :- .t₁ | s₁ | | |
| do | ḃoeb - ur | fionn ar | faid an | tsaoiġil | | |
| :s₁ | d :- .r | m :s | f :m | r | | |
| 's ag | téaċt ar | dtúis is - | teaċ 'na | sliġe, | | |
| :d | t₁ :s₁ | l₁ :t₁ | d :- | d | | |
| 'n-a | ċar - bad | aoi - binn | ór - | ḋa | | |
| :l₁ | s₁ :- .l₁ | s₁ :f₁ | s₁ :m₁ | d₁ | | |
| a's | mé ar | siúbal ar | eas - ba | fuinn, | | |
| :s₁ | l₁ :l₁ | r :- .d | t₁ :- .t₁ | s₁ | | |
| ag | téaċt na | dtruúċ do | ċleaċt - as | í | | |
| :s₁ | l₁ :f₁ | f₁ :s₁ .l₁ | s₁ :m₁ | d₁ | | |
| fá | ġaor - ṫaib | úr - a | Air - ir - | iġe, | | |
| :m .f | s :- .f | m :r | d :- | d | | |
| is | fair - sing fíoḋ - | ba | fód - | glas. | | |

2

'S an réim sin dúinn níor ḃfada linn,
An spéir-ḃean ċiúin go ḃfeaca í,
Go maorḋa múinte maiseaċ mín,
Ag taisteal taoiḃ an ḃóṫair;
Téiḋim do riuḋ isteaċ tar claiḋ,
I méin go mb'ḟiú re hagall í,
'S do réinnear úṁlaċt ṫair don ṁnaoi,
'S do ḃeartar míle póg di.

3

Is é dubart, im bara díḃ,
"A ġéag na lúb a's maiseaċ gnaoi,
Is céim le clú 's is aiṫis ḟíor,
Má ġlacaṫaí mo ċoṁairle;
Déanam súgra, a ġailtion ġrinn,
Ní'l aon neaċ dúinn i ngar aċ sinn,
Ná héimiġ siúd, a ḃean mo ċroiḋe
Má's maiseaċ díḃ-se beó mé."

Seán Claraċ.

# An buaċaill caol duḃ.

Gléas B. *Andantino.*



**2**

Ar ḟeis nó ar aonaċ ní ḟeicimse éinne
  Do 'neósaḋ scéal leis sa treananós,
Do ringcfeaḋ tréanṗuirt ar ḃinse taoḃ leis
  Ná ċarfaḋ dréaċt leis i gceart an ċeóil.
Agus deir gaċ aonḟear: "Seo ċugainn an péice;
  Beiḋ báire laoċais annso go fóill,"
Nuair is ċúca léimeann an buaċaill caol duḃ
  'S a ċamán gléasta n-a ġlaic ċun spóirt.

**3**

O, duḃairt sé féin liom de ṁóid a ḃéil ġil
  Gur mise an t-aonḃean n-a ṫiġ a ġeóḃaḋ,
'S go mbḟearr leis mé aige gan feóirling spré liom
  'Ná toice an Ḃéarla 's a cáirne 'en ór.
A's a ṡiúr na n-ae ionnam, ná creidse ó éinne
  Naċ é an faision Gaeḋlaċ is fearr mar nós.
Mar isé do ḃréagfaḋ an buaċaill caol duḃ
  Is uaisle tréiṫe 's is gile meóin.

TORNA.

## Do ċuirfinn-se féin mo leanḃ a ċodlaḋ.

Gléas A♭. *Allegro moderato.*

{ : .d | m : m .m | f : - .f | s .s : - | f : - .s }
Do | ċuir - finn-se féin mo | leanḃ a ċodl - aḋ,

{ s : s .s | f : s .f | *p* m : r .d | *pp* m : r .d }
'S ní mar do ċuir - fead m - | ná na mbod - aċ, pá

*cres.*
{ m : m | f : - .f | s .s : - | f : s .s }
fúi - sín buiḋe ná a | mbraiċlín bor - raig, aċ i

{ s : s | f : s .f | *p* m : r .d | *pp* m : r,d l,.s, ‖
gclia - ḃán óir a's an | gaoṫ dá ḃog - aḋ.

*p*
{ m : r .d | d : - | m : r .d | l, : - }
Seó hín seó, huil leó, leó,

{ d : l, .s, | s, : l, .t, | *cres.* d : r .m | f .f : - }
Seó hín seó is tú mo leanḃ;

*dim.*
{ m : r .d | d : - | m : r .d | l, : - }
Seó hín seó, huil leó, leó,

*p*
{ d : l, .s, | s, .,l, : t, .d | *pp* r : d .d | d : . ‖
Seó hín seó 's ir tú mo leanḃ.

2

Do ċuirfinn-se féin mo leanḃ a ċodlaḋ,
Lá breáġ gréine idir ḋá Nodluig,
I gcliaḃán óir ar úrlár ḟocair,
Faoi ḃarra na gcraoḃ a's an ġaoṫ ḋá ḃogaḋ,
Seó hín seó, huil leó, leó, ⁊c.

3

Codail a leinḃ 's gur ba codlaḋ slán duit,
A's as do ċodlaḋ go dtugair do ṡláinte;
Nár ḃuailiḋ treiġid ná greim an ḃáis tú,
Galar na leanḃ ná'n ḃolgaċ ġránna
Seó hín seó, ḣuil leó, leó, ⁊c.

4

Codail a leinḃ 's gur ba codlaḋ slán duit,
A's as do ċodlaḋ go dtugair do ṡláinte;
As do smuínte do ċroiḋe nár ċráiḋtear,
A's nár ba bean gan mac do ṁáṫair.
Seó hín seó, huil leó, leó, ⁊c.

# Loċ Léin.

Gléas A♭. Cuiḃreaċ mear. Fonn : " Ḃean an ḟir ruaiḋ."

| | | | |
|---|---|---|---|
| :d .r | m :d :r | $l_1$ :- :d .$l_1$ | $s_1$ :- :$s_1$ |
| Do | ṡiuḃ - lar a | lán gan | spár i |

| | | |
|---|---|---|
| $l_1$ :d :d | d :- :d | d :r :m |
| dtoɼ - aċ mo | ṡaoġail, ó'n | tSion - ainn go |

| | | |
|---|---|---|
| f :- .s :f | m :d :r | m :s :m |
| Ráṫ a'r coir | bán - ta | daing - ion - a 'n |

| | | |
|---|---|---|
| r :- :d | d :- .r :m | f :- .s :f |
| tSleiḃ, ní | fear - aċ aon | áit ba |

| | | |
|---|---|---|
| m :- .r :d | m :s :m | r :- :d .r |
| ḃreáġ - ṫa 'r ba | ḋeir - e 'ná | é an |

| | | |
|---|---|---|
| m :d :r | $l_1$ :- :d .$l_1$ | $s_1$ :- :$s_1$ |
| ḃai - le beag | bán atá | láṁ le |

| | | |
|---|---|---|
| $l_1$ :d :d | d :- ‖ | |
| barr - a Loċ | Léin. | |

2

Naċ aoiḃinn an áit 'na ḃfásaid torṫaí go h-úr,
An dair go ró-ḃreaġ, agus plána ar ṁaġṫaiḃ na Muṁan;
Crainn loingis a's báid, gan trácht ar ṗluma ná uball,
'S gur ag Ros an Ċaisleáin bíon mná ag seinim a dtiúin.

3

I mbun torṫa na slóġ bíon spórt ag saoiṫiḃ d'á ḟeabas,
Bíon fíon agus beóir ar bórd acu i mbun torṫa a ngleann,
Bíon an fiaḋ 'cu ċun spóirt, ċun ceóil an druid a's an creabar,
An londuḃ 's an smólaċ go ceólṁar ar barraí na gcrann.

4

Do ṡiúḃlas Ḃaoi Ḃéara, cois Éirne, a's as san troir ṫuaiḋ,
Cois Mainge gan ḃréag, agus tréimse a n-arm a dTuaṁuin,
Ní ḟacas aon ḃall de'n ṁéid, cé gur ḃ'ḟada í mo ċuaird
Ba ḃreáġṫa 'ná Loċ Léin mar a mbíon an maṫṡluaġ.

## Seó hú leó.

Gléas E♭. *Allegretto.*

| : .$t_1$ | $t_1$ .d :r .m,f | s .m :f .r | m .f :r |
| A | ḃean úḋ ṫíos ar | ḃruaċ an tsroṫáin, | Seó hú leó |

| m .f :r .,$t_1$ | $t_1$ .d :r .m,f | s .m :f .r |
| seó hú leó, A' | ḋtuigeann tu - sa | ṗáṫ mo ġearáin, |

| $t_1$ .r :d | $t_1$ .r :d .,$t_1$ | $t_1$ .d :r .m,f |
| Seó hú leó, | seó hú leó, 'S ġur | bliain sa lá 'nḋiu |

| s .f,m :ˢf .r | m .s,f :r | m .s,f :ᵐr .,d |
| fuadaiġ mé óm' leanán | Seó hú leó, | seó hú leó, 'S do |

| $t_1$ .d :r .m,f | s .f,m :f .r | $t_1$ .r :d |
| ruġ - aḋ 'steaċ mé i | Lios an ċnó - cáin, | Seó hú leó, |

| $t_1$ .ᵐr :m | $t_1$ .d :r .m,f | s .s :f .r |
| seó hú leó. | Seó hín, seó hín, | seó hín, seó hín, |

*p*

| m .f :r | m .f :r | $t_1$ .d :r .m,f |
| Seó hú leó, | seó hú leó, | Seó hín, seó hín, |

| s .s :f .r | $t_1$ .r :d | $t_1$ .r :d . |
| seó hín, seó hín, | Seó hú leó, | seó hú leó. |

2

Seo hé anso mo ṫeaċ mór maiseaċ,
Seó hú leó, seó hú leó,
Is 'mḋa leann úr agus leann sean ann
Seó hú leó, seo hú leó,
Is 'mḋa mil buiḋe agus céir ḃeaċ ann,
Seó hú leó, seó hú leó,
Is 'mḋa sean ḋuine ar a nasg ann
Seó hú leó, seó hú leó.
Seó hín, seo hín, seó hín, seó hín, ⁊l.

3

Is 'mḋa buaċail cúl-ḋonn cas ann,
Seó hú leó, seó hú leó,
Is 'mḋa cailín cúl-ḃuiḋe cas ann,
Seó hú leó, seó hú leó,
Tá ḋá ḃean ḋéag ag iomċar mac ann.
Seó hú leó, seó hú leó,
Tá an oireaḋ eile le n-a n-ais ann,
Seó hú leó, seó hú leó.
Seó hín, seó hín, seó hín, seó hín, ⁊l.

4

Abair lem' céile teaċt aṁáraċ,
Seó hú leó, seó hú leó,
'S an ċoinneal ċiaraċ i sgrioḋe a ḋeárnann
Seó hú leó, seó hú leó,
Scian ċoise ḋuiḃe 'ṫabairt 'n-a láiṁ leis,
Seó hú leó, seó hú leó,
'S an capall tosaiġ do ḃualaḋ 'san mbeárnain,
Seó hú leó, seó hú leó.
Seó hín, seó hín, seó hín, seó hín, ⁊l.

5


An luiḃ a ḃuain 'tá i ndorus an leasa,
 Seó hú leó, seó hú leó,
Mar ṡúil le Ḋia go raġainn leis a ḃaile,
 Seó hú leó, seó hú leó,
Nú mara dtige sé fá'n tráṫ sin,
 Seó hú leó, seó hú leó,
Go mbeid-se am bainríoġan ar na mná so,
 Seó hú leó, seó hú leó.
Seó hín, seó hín, seó hín, seó hín, ⁊l.

1 Leaḃar Petrie tá an t-aṁrán so le faġáil. Deir sé mar seo 'n-a ṫaoḃ: "The following melody and song were recently taken down from the singing of Mary Madden, a poor blind peasant woman from Limerick, now resident in Dublin. Both tune and words appear to me to possess a high degree of interest;—the tune as a beautiful, and, as I believe, a very ancient example of that one of the three classes of music said to have been introduced into Ireland by that heroic race called Tuatha De Danaans, namely, the *Suantraidhe*, or sleep-disposing music;—and the fairy legend embodied in the words, as preserving to us a valuable illustration of the nature of the superstitions connected with the same mysterious race, and which have so long retained their hold on the belief of the people. Mr. O'Curry's remarks are of much interest, more particularly as they tend to prove not only the antiquity of the poem, but the probably still greater antiquity of the hushaby melody to which the poem had been adopted." See Appendix to Third Series of "Songs of the Gael," now in the press, where O'Curry's remarks are given in full. I give them in full, inasmuch as Petrie's book from which they are taken is now out of print and therefore very difficult to get a look at.

# Táim-se am ċodlaḋ.

Gléas B♭. Go mall.






2

A ḃuaċaillí an ċroiḋe ná bíġíḋ i ḃfearg liom,
  Is díḃ do sfreagaim mo ráiḋte béil ;
Tagann osna am ċroiḋe nuair ċím ná leanann siḃ
  Dliġe na heagailse is áilne méinn ;
Aċ ag imṫeaċt le baois ag déanaḋ aimlis ḃúr n-anmann,
  Mar a ḃeaḋ daill gan raḋarc ar mearaṫall,
Geallaim-se díḃ go ḃfuil ḃúr naimde ag magaḋ fúḃ,
  Táim-se am ċodlaḋ nú is fíor mo sgéal !

3

Is é teagasg na cléire a's réir na heagailse,
  An tsliġe, mar ṁeasaim-se, b'ḟearr ċun Dé;
A's ní ag dul ċun an aonaiġ le faoḃar go feargaċ
  Tréan faoi arm ċun láṁaċ na bpléar;
Naċ dealḃ an sgéal dá léiġeaḋ ag gallaċoin,
  Gur b'iad clanna Gaoḋal tá ag déanaḋ an aċarainn,
Ag fealladh ar a ċéile faoi ġné gaċ seana ċeirt,
  Ḃert agus carabat bán do ṫréig!

Seán Ó Domhnall.

Nioclás Tóibín, aṁránuiḋe ceólṁar atá 'n-a coṁnuiḋe 'sa Rinn, do ṫug uaiḋ an ceól so. Áine Ní Raġallaiġ do scrí síos é. Ceól ana-ḃinn é. Mar a duḃairt ċeana tá an seana nós go háluinn ag Nioclás agus tá na casaí ar a ṫoil aige. Tá aṫarú ġléis ins an gceól. Tosnuiġeann sé ar an ngléas B♭ agus ins an oċtṁaḋ líne den ċeól tá gléas eile .i. gléas C le faġáil.

For the benefit of learners I point out some things here regarding transition from one key to another. Why introduce it in this song? Because the character of the music in the second part of the verse changes. It becomes expressive of emotion and of a more rising emotion than the old key and than a transition of *one* remove. The transition in the song is one of *two* removes. The return from the key of C to the key B♭ at the word ḋíḃ (14th line), is expressive of seriousness and depression.

Learners will please note that the transition is shown in the 8th line by the writing of the key signature (C) over the music of tá. The two small notes beside and following C show the new notes which are to be expected by the singer. In the 14th line, where the music returns to B♭, the same thing is met. The key signature is above the music and at *left* hand the two notes which the singer has to expect. Again, where the transition takes place the singer finds a small note $m_1$ before **r** in the 8th line, and $ta_1$ before $d_1$ in the 14th line. These are *bridge* notes. The singer sings these notes, but they are really to be known by new names—**r** in the 8th line, $d_1$ in the 14th line. And thus called and felt and sung they land the singer in the new key, without any more ado or effort on his part.

This is the only song in my collections, which has transition, as far as I remember. Some people, not well up in Tonic notation, have mistaken grace notes for transition.

## An caol eaċ duḃ.

Fonn: "Róisín Duḃ."

1

Níor ḃrada bíos ar leaba am luiġe,
  Nuair ġlaoḋaiġ amuiċ;
Marcaċ líoṁṫa i ndeisceart oíḋċe,
  Ar ċaol eaċ ruaḋ;
A Ḃarraiġ ġroiḋe an ad' ċodla 'taoir,
  Nó créad é sin ort?
Ṗreab ad ṡuiġe go dtagair linn
  A's féaċ ár dtoirt.

2

Do ġlac mé bíoḋga, geit, 's líonaḋ,
  Tréṁ néalta suain;
'S dob' ḟada bí mé gan focal cáinte,
  Do ḃéarfainn uaim;
Allus fuiġeaċ do ġeaḃaḋ síos,
  Go tréan dem' ġruaḋ,
Ba ġearr gan ṁoill gur ṗreab óm' ṫaoiḃ-se
  Ar ċaol eaċ ruaḋ!

3

I n-ár liost do bí daṫad míle
  De ṡéim-ḟir suairc;
De ċlanna Míleaḋ faoi arm líoṁṫa,
  'S iad déanta suas;
Do ḟiafruiġeas-sa go tapaḋ díob san,
  Cá raġaḋ siad cuan;
Nó a' mbeiḋ Gaill i dtalaṁ sinsear
  Ar nGaoiḋil go buan.

4

A dtosaḋ rúin do fuaras nuaḋaċt,
  Na Máirte i ndé;
Dar an leaḃar ba ṫaitneaṁaċ liomsa
  Cáil gaċ sgéil,
Gur baineaḋ Lonndain 's Port Maṫġaṁna,
  Don stát indé;
Gur ṗreab an Diuic ar eaċ ċun siúḃail,
  'S go mbeiḋ an lá le Gaoiḋil.

5

Dá dtigeaḋ súd mar aċt san dúṫa
  Ba ḃreáġ an sgéal !
Ár mbailte dúċais le sealḃú 'guinn,
  Gaċ lá d'ár saoġal ;
Ár sgata cú gaċ maidion drúċta
  Ar stáid-eiċ caol,
'S go mbeiḋ na búir dá ḋearḃuġaḋ,
  Gur sinn máġistir game.

6

Do ġlac mé fonn ċun dul anonn
  Tar sáile a gcéin !
Ag measguġaḋ na seaḃac ciuin,
  Atá láidir tréan,
Dá ḋearḃuġaḋ go bḟuil ár mbailte dúċais
  'S ár náṁaid 'n-ár ndéiġ,
Mar ḃárra air siúd tá mo ġlaic go brúiġte
  Ón ráṁan, mo léan !

7

I Ros ṁic Triúin, mo ġalar dúḃaċ,
  Ḃí an cárnaḋ ar Gaoiḋil !
Daṫad míle de arm líoṁṫa,
  Faoi lán neart pléar ;
Ṫreasgruiḋmair na táinte díoḃ san,
  I dtúis an lae !
'S ár bḟearaiḃ ġroiḋe gur a dtairsge fuiġeaḋ
  Le dúil san mbraon !

8

Is fada an Ṁuṁain n-a codla gan múscailt,
  Nuair ḃí an cás dá pléiḋ ;
Agus plúr-scoṫ ċlanna Ultaiḋ,
  Go hárd dá nglaoḋaċ :
Is é léiġid na húġdair as leaḃar an ċúntais
  Is as ráḋ na naoṁ,
Is miṫid dúinne fearta múscailt
  Nó tá'n dáta ar strae !

Tá'n ceol le faġáil ar leaṫ. 12 de'n leaḃairín seo. Ní ḟeadar cé ḋein an t-amrán, aċ amáin gur san aimsir '98 do cumaḋ é. Duine éigint, is dóiġ liom, a ḃí 'n-a ċoṁnuiḋe i n-aice do Ċarraig na Siúire do ċum é.

## An Crúiscín Lán.

Gléas B♭.

{ : $l_1$ .$se_1$ | $m_1$ .$l_1$ : $l_1$ .$t_1$ | d : $t_1$ .d | r .d : $t_1$ .$l_1$ | $s_1$ : $m_1$ .$r_1$ }
a | éig-se fodl-a dlú - ṫaiġ, lem | ṫaoḃ isteaċ 'nbúr dtrúpaiḃ, a's

{ | $m_1$ .$l_1$ : $l_1$ .$t_1$ | d .$t_1$ : d .r | m : – | : .m }
éir-tiġ liom go suḃ-aċ síoċ | sáṁ, go

{ | m .d : d .m | s : f .m | r d : $t_1$ .d | r : d .r }
léiġfead startá ciúin díḃ, a | nGaeḋilge ḃlasta ḃúiġ ḃinn, 'S go

{ | m .,r : d .$l_1$ | m : $m_1$ | $l_1$ : $t_1$ | d : d .r }
nglaoḋfad ar mo ċrúis - cín | lán, lán, lán, ag - us

{ | m .,r : d .$l_1$ | m : $m_1$ | $l_1$ : – | ‖
ól-fai - míd an ċrúis - cín | lán.

Curfá.

{ | d .$t_1$ : d .m | s : s | r .,$t_1$ : $s_1$ .$t_1$ | r .$t_1$ : r .r ,r }
Ól-fai-míd an ċrúis - cín, | Sláinte geal mo ṁúirnín 'Na ḃfuil a

{ | m .r : d .$l_1$ | m : $m_1$ | $l_1$ : $t_1$ | d : d .r }
ṫaisdiol ċuġainn tar taoid-e | Slán, slán, slán, ag - us

{ | m .,l : m .r | d : $t_1$ | $l_1$ : – | – ‖
ól-fai - míd an ċrúis - cín | lán.

2

Is deórach doilḃ duḃach sinn,
Tréimse ag taisdiol triúċ ḃím,
  A gcéin tar lear a gcúigí fáġain!
Taoiḃ le fearaiḃ úr-ċroiḋeaċ,
Ba ṁian liom stad le dúil ġrinn,
Gan ċlaona ag blaise an ċrúiscín lán, lán, lán,
  Gan ċlaona ag blaise an ċrúiscín lán!

Cursá.

3

An taon-ṁac caillce ċum sinn,
Dá léigfeaḋ fearta ċuġainn ríġ,
  Séarlus ceart's a ṫrúpaí slán!
Séiṁfir soilḃ suḃaċ síoċ,
Saor gan ċol a diúgfaoiḋe
Le féile a mbeiḋ san gcrúiscín lán, lán lán.
  Le féile a mbeiḋ san gcrúiscín lán!

Cursá.

4

Gaċ óigḟear cnearda clúṁail binn,
D'ar ċaṫ a stór san gcrúiscín,
  Mar ḟúil go dtiocfaḋ ċuġainn ríġ 'dtráiṫ!
Glacaḋ lann 'n-a láiṁ ġroiḋe
Tá taisdiol ċuġainn tré ċúigí,
'S ólfam fearda an ċrúiscín lán, lán, lán!
  'S ólfam fearda an ċrúiscín lán!

Cursá.

5

An tréad so 'nois fá ġúnaḋaiḃ
A dteampaill ċóir ár bprionnsaí,
  Tréigfid fearda ár gcúigí stáit,
Beiḋ Gaoḋil arís go húrċroiḋeaċ,
A dtréad sa mbailte cluṁail bíoḋ,
A's ólfam fearda an ċrúiscín lán, lán, lán!
  Agus ólfam fearda an ċrúiscín lán!

Cursá.

"This seems to be the song of an envoy sent from the Irish Brigade with tidings of their intention to return to their native Isle."—Dr. Sigerson.

# Loċ Léin.

Gléas F.

| :r | m :f :s | m :- :r | d :- :l₁ |
|---|---|---|---|
| Do | ṡiuḃ-luiġeas a | lán gan | spás i |

| t₁ :l₁ :l₁ | l₁ :- :l₁ | l₁ :l₁ :l₁ |
|---|---|---|
| dtos - aċ mo | ṡaoġail, Ón | Sion - ainn go |

| r :- :r | m :r :m | l :l :s |
|---|---|---|
| Ráṫ a's | cois bán - ta | Daing-ean an |

| l :- :l₁ | d :l₁ :t₁ | d :- :r |
|---|---|---|
| tréiḃe ; ní | ḟeac - ar aon | áit ba |

| m :- :m .m | l :l :s | l :- :r |
|---|---|---|
| breáġ - ṫa 's ba | ḋeis - e ná | é— ná'n |

| m :f :s | m :- :r | d :r :l₁ |
|---|---|---|
| bail - e beag | bán 'tá | láiṁ le |

| t₁ :l₁ :l₁ | l₁ :- ‖ |
|---|---|
| barr - a Loċ | Léin. |

2

Níor ḃfada liom lá ḃeiṫ spás ar Ṫúirín a' Ċéim
Ag amarc ar an áit ba ḃreaġṫa 's ba ḋeise fí'n spéir
Mórṫimċeall Ḋoirín, áṫ Ċaṫair [Ḟio]nán agus Mucros na gCraoḃ
'S ag Ros an Ċaisleáin do ġnáṫuiġeaḋ an ġarra ṫréan.

3

Nuair a ṫagann an tSaṁain is geall le Nodlag aca é;
Bíonn aca gan amras brannda mil agus céir
An mairt a ḃeaḋ reamar i dteannta an ḃroic a ḃeaḋ méiṫ
An bradán ón Leaṁain ag daṁas don ċoire go léir.

4

Do ṡiuḃluiġeas Baoi Ḃéarra, cois Éirne, 'gus as-san ṫoir ṫuaiḋ
Cois Mainge gan ḃréag, agus tréimse in arm i dTuaḋṁain
Ní ḟeacas-sa éanḃall den méid sin, cé gur fada mo ċuaird
Ba ḃreáġṫa 'ná Loċ Léin mar a mbíonn an maiṫṡluaġ.

Do ṫógas an t-aṁrán so agus cúpla eile aṁrán do leanas anso as leabar go nglaoḋṫar "Journal of the Folk-Song Society" air. A. M. Freeman do ḃailig iad. 'Dtaoḃ an aṁráin seo labrann sé mar seo: "This extraordinarily beautiful tune seems hitherto to have escaped collectors. Amongst the many thousands of Irish airs in the standard collections I have not met with any close variant."

# Luan Dubh an Áir.

Gléas G.




2

Nuair a ġaḃaimse annso síos agus d'ḟéaċaim féin linn
Nuair a ċím Carraig Aonair pléascann mo ċroiḋe
Ṫar n-ais dam arís go mullaċ mo ċinn
Agus is í Carraig Aonair is céile dom ċlainn.

3

'S is é mo ċreaċ is mo ḋíṫ nár leogas iad ar luing
Nó in éinfeaċt le ċéile mar a dtéiġeaḋ a Wild Geese
'S do ḃeaḋ mo ṡúil-se le Críost 's le n-a ċongnaṁ arís
Go mbeaḋ mo ċeaṫrar moḋṁail múinte 'n-a lúbairiḃ groiḋe.

4

Agus tá duine ḋem ċlainn ná cuirfe mé i suim
Donnċaḋ breáġ brollaġeal, fear cosnaiṫe mo ṫiġe
Tugaḋ an fiaḋ leis ón gcoill agus an bradán ón linn
Feadóga duḃa an tsléiḃe amuiġ 's gan ḃréag an ċearc ḟraoiċ.

5

'S is é Cormac mo ḃaoiḋean an té is óige ḋem ċlainn
Coiḋciġeas ón lá san a ṫáine sé i dtír
Gan tapa, gan ḃríġ, gan anam 'n-a ċroiḋe
'S mo scéal duḃaċ mar a ċualaḋ fá'n dtuairisc arís.

6

Is é Fingín mo stór rí na ḃfear óg
Do ḃí sé moḋṁail múinte deaġċlúṁail go leór
Do scríoḃaḋ sé ṫar meóḋan ar búclaiḃ a ḃróg
Agus is í Carraig Aonair is céile ḋom stór.

7

Is í an Nodlaig seo ċuġainn an Nodlaig gan fonn—
Mo ċeaṫrar breáġ brollaġeal fé ṡrotaiḃ na dtonn
Dá mbuḋ ná faġainn díoḃ aċt triúr go doiṁinn insa tsrúill
Is róḃreáġ mar ṡeinnfinn 's mar a ċaoinfinn iad súd.

8

'S a ċlann ó mo ċroiḋe nó an truaġ liḃ mar ḃím—
Ḃúr n-aṫairín boċt féiniḋ ag géarġol 's ag caoi
Am ċuaille ḃoċt ċríon i gcúil uaigneaċ an tiġe
'S an ḃean atá in áit ḃúr máṫar ní cás léi mar ḃím.

# Cailín Deas Crúidte na mBó.

Gléas E.

{ :m .f | s :s .d' :t .s | f :s :f .r | m :d :f }
(Agus) | Ai - ṙiġim - se an | cail - ín seo ar | siuḃ - al ag

{ | $t_1$ :d :$s_1$ | $t_1$ :d :d .r | m :- :m .f }
| gai - gíḃ na | dú - ṫa mar | sórt, dá

{ | s :d' :t .s | f :s :f .r | m :d :f }
| ġread-ṁaoiḋeaṁ gur | ċaiṫ oiḋ - ċe ann- | súd aca in

{ | $t_1$ :d :$s_1$ | $t_1$ :d :d | d :- ‖ m .r }
| an - aoiḃ i | ḃríún-tar ḃur | sórt; ‖ na

{ | d :d :d | m :f :s .t | d' :d :d .d }
| ma - ċaí le | deaġ-ċroiḋe gur | ċrúiḋ sí - se, na

{ | d :d :d | m :f :s | d' :- :r' .d' }
| can - naí go | cuṁ - ra 'n-a | gcoṁair; 'S go

{ | t :d' :t .s | f :s :f .r | m :d :f }
| mbear-tuiġid gur | bean í bí'r a' | gcú - laċ ag

{ | $t_1$ :d :$s_1$ | $t_1$ :d :d | d :- ‖
| dail - ṫí - níḃ | ġúir - ti - ṫe | bó. ‖

2

Lem ċlesaiḋeaċt gur ṫeagṁuiġeas i lúib coille
  I leaṫṫaoiḃ bunoscionn leis an ród
Cé ċasfaiḋe aċ an cailín seo ċuġainn-na
  'S gan faic uimpe ó ġlúinib go bróig
Do ċeaduiġeas lem ṡearcḃaoin nó ar ḃriúntar dam
  Teaċt timċeall ċúiċe le póig
"Spreaguiġeann tu is baitín 'ot ċongnaṁ!
  'S ní taitiġeaċ liom súgraḋ leat fóst."

3

Agus d'ḟeasruiġeas is ċeaduiġeas lem ċúilḟinn
  Nó a' leigfeaḋ sí a rún liom go fóill
Suiḋe síos agus innsint go ciúin dam
  Cár ṫairteal sí ċuġainn nó cár ṫreóiġ.
Nó an ḃean í le healaḋa mar smúinġim
  Ṫug sealad i ndúba-ċnocaib ceóiḋ
Nó an cailín go n-airiġinn 'á ṫaḃairt uirṫi
  Ainnir ḋeas ċrúiḋte na mbó.

4

Is admuiġim gur cailín me 'en dúṫaig
  Le beartaiḋeaċt a stiúruiġeaḋ nbur dtreó
Ṡearuiġeaḋ ag seaḋtṁíoṁ mo ṫúrainn
  Agus gaċ cinn ag crúḋ ḃur gcuid bó
Na geataí 's na maċaíḃ gur dúnaḋ
  Na cannaí gan sonnra gan deóir
'S leis na hearnaím 'seaḋ ṫeagṁuiġeas-sa ċuġaiḃse
  'S me ag lapġail 'dir ṫúrtaċaib ceóiḋ.

5

'S a ṡearcḃaoin má ṡailiġdar túrtaċa tu
  Tair timċeall ċuġamsa go fóill
Beiḋ tarḃaiḋe 'n-ár maċaíḃ ag búiṫrig
  'Gur cannaí dá gcrúḋ is dá n-ól
Leat ċlesaiḋeaċt leat ḃeartaiḋeaċt ná ḣiompuig me,
  Stad, leig ar siubal me lem ġnó
'S gur beartuiġeaḋ dam ṫar tuinn anonn dul
  Go n-aibiġeaḋ na huḃla sa ḃfóġṁar.

Seo mar scríobann A. M. Freeman 'dtaoḃ an ċeóil seo: "This fine tune has no connection with the four airs with *Cailin Deas* titles in Joyce (1909); nor does it seem to be in any of the well-known collections."

# cois ċalaiṫe an ġóilín.

[Comhráḋ é seo idir Tomás Ruaḋ agus an Laoiġireaċ, file eile.]

Gléas C. Go héadtrom.

Tomás Ruaḋ:

| :s | s :m :-.r | d :d :-.r | m :s :-.s | l :s :s.s |
|---|---|---|---|---|
| " Cois | ċalaiṫe an | Gói - lín 'seaḋ | *ċomhnuiġ' mo | ḃuiḋeansa 'gus a- |

An Laoiġireaċ.

| r :m :-.r | r :m :r.r | r :s :-.s | l :s :-.s |
|---|---|---|---|
| nois táim am | ḋeó-raiḋe ag lorg | ós-taiḋeaċt na | hoiḋ-ċe " Ann - |

| s :l :-.t | d' :d' :-.d' | d' :m' :-.r' | r' :d' :s.s |
|---|---|---|---|
| so ġeóḃainn do | lóis - dín má's | ḋeó-raiḋe | gan tiġeas tú, ag-us |

| l :l :-.l | l :t :-.l | s :l :-.s | s :m :-.r |
|---|---|---|---|
| maiġ-re | ċiúin d'óg-ṁnaoi 'n-a | ró - baí | má's gnaoi leat, 'S an |

| d :- :- | d :- ‖ |
|---|---|
| bó | leó. |

2

Tomás Ruaḋ:

"Flannsaí ná róbaí ar óg-ṁnaoi níor ġnaoi liom;
Aċ foġluim, a's scólaiḋeaċt, a's sólaiḋeaċt le sinsreaċt,
B'ḟearr liom seana-ḃean ḃreóluiḋe 's seaċt órlaiġ de ṗíop aici
Do ċuirfeaḋ orm cóir bíḋ 'ná ceól síḋe na ríoġaċta,
'S an bó leó."

* ċomhnuiġeann.

3

An Laoiġireaċ:

" B'ḟearra ḋuit óg-ḃruinneal gan sgólaiḋeaċt gan rinnce,
Ná beaḋ dul aici i mbeadaiḋeaċt, i gclearaiḋeaċt, ná i n-aoiḃinteas,
Do ċiméadfaḋ do leanḃaí go tearaiḋe san oiḋċe,
'Ná fráma fuar cailliġe ḃeaḋ aicíḋeaċ cnaoite,
'S an bó leó."

4

Tomás Ruaḋ:

" Bíon na boineanaiġ beadaiḋe 's a loċtaí le hinsint
Dá ndeargaiḃ ar faiċċíḃ gur marḃuiġeaḋ na mílte—
'Siad d'ḟág go lag-ḃriġeaċ na gaisgiḋiġ dob' aoirde,
Agus d'ḟág mise ar mearaiġe, cé gur beaṫuiġeaḋ le roíll mé,
'S an bó leó."

5

An Laoiġireaċ:

" An ḃuiḋean gur díoḃ mise, ḃí na boineanaiġ béasaċ,
Ní raiġdís ar mise ag ól gloine le haon-ḟear.
Bíoḋ ól agus iṫe 'na gcistin gaċ féile,
A's fáilte 'gus fiċe dá dtigeaḋ na céadta,
'S an bó leó."

6

Tomás Ruaḋ:

" Má bíodar fial, flaiṫeaṁail a's banaṁail dá réir sin,
Do ċroiḋe-se ní'l fearaṁail, a ḃastúin an éiṫiġ!
Dá gcasfaiḋe tú ċuġam-sa nuair a ḃí dún agam féinig,
Ní hag dorus mo ċúirte ḃeinn a' taḃairt mo leiṫsgéil duit,
'S an bo leó."

7

An Laoiġireaċ:

" Is file maiṫ ṫusa, agus tuigim do laoiṫe;
'S is file eile mise do sloinniġeaḋ ó'n Laoiriġ.
Tar isteaċ ċun na teine, 's bí ag cur síos do ġníoṁarṫa;
Tá an ciotal ag fiuċaḋ 's ag cliosmairt ar a ḋíċeall,
'S an bó leó."

# Túirne Máire.

Gléas Fb. go mear.

{ :$s_1$ | $s_1$ :- :d | d :- :d | d :d :d | r :- :f }
A | Mái - re ċiúin tá'n | Nod-laig ar túr, A -

{ | m :- :f | r :r :d | $t_1$ :- :- | $s_1$ :- : }
noir le cong - naṁ an | Árd - Ríoġ,

{ | $s_1$ :- :d | d :- :d | $t_1$ :- :d | r :- :f }
Cuir do ṫúir - ne | uaim 's an deaṁan 's

{ | m :- :f | r :- :$t_1$ | d :- : | d :- : }
ṫrí ċor úr ón | Spáinn faoi.

{ | m :- :s | s :- :s | s :- :s | s :- :m }
Mul ar Lun - dun, | ceap ar Luim - neaċ,

{ | m :m :f | r :- :d | $t_1$ :- :- | $s_1$ :- : }
Cuig-eal ar Laiġin i | n-áird - e,

{ | $s_1$ :- :d | d :- :d | $t_1$ :- :d | r :r :f }
Sreang don tríod' is | fearr 'sa tír. reo 's

{ | m :- :f | r :- :$t_1$ | d :- :- | d :- :- }
béiḋ do ṫúir - ne | fár - ta.

Curfá.

{ | $s_1$ :- :d | d :- :- | $t_1$ :- :d | r :- :- }
fal lal | fal lal,

| m :- :f | r :- :d | t, :- :- | s, :- :- |
| --- | --- | --- | --- |
| fal | lal - | lér | í |

| s, :- :d | d :- :- | t, :- :d | r :- :f |
| --- | --- | --- | --- |
| fal | lal | fal | lal, fa |

| m :- :f | r :- :t, | d :- :- | d :- |
| --- | --- | --- | --- |
| lú fa | la fa | lér | í. |

2

'Sé túirne Ṁáire 'n túirne sásta,
Ṡiubail sé roinnt ṁaiṫ de'n Éirinn,
Ní'l cnoc ná gleann d'á ndeaċaiḋ sé ann,
Nár ḟág sé cuid d'á ṫréiṫiḃ.
Ċaiṫ sé lá ar ḃruaċ Cinnsáil'
Ar lúb ins an ġleanntán sléiḃe
Na sídeóga mná ḃí ar ṫaoḃ Cnuic Meaḋa
Do ṡníoṁ leis "lawn" a's "cambric."

Cursá.

3

Síos i gCill Ṁantáin rinneaḋ an tromán,
Tuille mór 'gus sáiṫe,
De ċnámaiḃ an ġearráin rinneaḋ an biorán
A's ċaiṫeadar i ḃfiaḋnais' Ṁáire é.
Ḃí ceaṫrar ag sníoṁ ó ṁaidin go hoiḋċ'
'S ocṫar 'san oiḋċe ag cárdáil.
Naċ ruaraċ a sníoṁ do ċailínib tiġe,
Leaṫ-tugṫa ag sníoṁ an lá sin?

Cursá.

Ċuala mé an ceól so ó'n Aṫair Tomás Burbage nuair a ḃíos ag obair ar feaḋ seaċtṁaine i nGéirsil, Lúġnasa 1920. Is deas an port é.

# An Clár


| | Leaṫ. |
|---|---|
| A Ḃé na Lúb | 108 |
| A Ḃuaċaill an Ċúil Ḋualaiġ | 178 |
| A Ċuisle mo ċroiḋe | 69 |
| Ag an mḂóiṫrín Ḃuiḋe | 180 |
| A Ṁáire, a ġráḋ | 102 |
| A Ṁáire milis ḃreáġ | 84 |
| A Ṁáire na gcarad | 62 |
| A Ṁúirnín Ḃán | 164 |
| An áit d'ár ġabas | 72, 73 |
| An Ḃanḃ | 52 |
| An béarla táir | 97 |
| An buaċaill caol duḃ | 190 |
| An Ḃuaitir | 146 |
| An caol eaċ duḃ | 202 |
| An Caraḃat | 92 |
| An Céaċta | 142 |
| An Cruiscín Lán | 204 |
| An Curaicín cois na Bríġde | 55 |
| An Gandal | 32 |
| An Óg-ċearc Guir | 44 |
| A Nóra an ċúil ómra | 155 |
| "An síoda 'tá it baillet ?" | 132 |
| An Smaċtín Crón | 18 |
| An Sprid | 30 |
| An Túirnín Lín | 82 |
| A Ṗlúr na gCuaċ | 168 |
| Ar an dtaoḃ tall de'n Ġóilín | 26 |
| Ar an gCoill Ṁóir | 172 |
| | |
| Bean Ḋuḃ an Ġleanna | 22 |
| Binn Lisín aeraċ an Ḃroġa | 114 |
| Bliaḋain 'sa tada so fós mé | 152 |
| Bríġid Geal Ḃán | 38 |
| Bríġid Ní Ṗádraic | 158 |
| | |
| Cailín deas crúiḋte na mbó | 70 |
| Cailín deas crúiḋte na mbó | 210 |

| | Leaṫ. |
|---|---|
| Cailín Ní Ṡeáin Uí Ċuilleanáin | 140 |
| Caitilín Ní Uallaċáin | 104 |
| Carraig Aonair | 14 |
| Caṫair na Léige | 134 |
| Cearc agus Coileaċ | 170 |
| Cití na gCuman | 150 |
| "Cloiċ Reóḋ" | 24 |
| Cogar Mogar | 20 |
| Coillte glasa an Triúċa | 100 |
| Cois ċalaiṫe an Ġóilín | 212 |
| Cois Laoi na Sreaḃ | 66 |
| Cois na Bríġde | 182 |
| Cormac Spáinneaċ | 176 |
| Dán-ṁolaḋ na Gaeḋilge | 90 |
| Do ċuirfinn-se féin mo leanḃ a ċodlaḋ | 192 |
| Doṁnall na Gréine | 130 |
| Doṁnall Ó Duḃṡláine | 148 |
| Eóċaill | 4 |
| Eóġan Cóir | 124 |
| Fórnoċt | 64 |
| Gaorṫaí Airriġe | 188 |
| Geoḃam aiṙís an crúiscín | 76 |
| I moṫar cluṫair cumṙta | 80 |
| Inġíon an Ṗalaitínig | 116 |
| Is cóir súd cuiṁneaṁ | 94 |
| Is deas an buaċail Páidín | 167 |
| Lá 'gus mé ag taisdeal am' aonar | 121 |
| Loċ Léin | 194 |
| Loċ Léin | 206 |
| Luan Dub an Áir | 208 |
| Lúibín na mBúclaí | 187 |
| Maidin Áluinn Gréine | 50 |
| Maidin Luain Cingcíse | 6 |
| Máirín De Barra | 74 |
| Máirín Seóiġe | 8 |

| | Leaṫ. |
|---|---|
| Mairtín Seoiġe | 174 |
| Mo ċreaċ a's mo ċás | 48 |
| Mo ṡlán le dúṫraċt d'Éirinn | 78 |
| Mo ṫalaṁ beag dúṫċais féin | 126 |
| Mo Ṫeaġlaċ | 58 |
| Naċ aoiḃinn do sna héiníní | 161 |
| Na Cleasana | 42 |
| Na Connerys | 144 |
| Na Sláintí | 184 |
| Óró! 'se do ḃeaṫa ḃaile | 28, 29 |
| Páidín Ó Raḟartaiġ | 118 |
| Plúirín na mBan donn óg | 60 |
| Raḋaḋlam Raindí | 86 |
| Raiṫineaċ, a ḃean ḃeag | 40 |
| Róisín Duḃ | 12 |
| Rós Geal Duḃ | 156 |
| Saṁraḋ | 10 |
| Sean Dún na nGall | 88 |
| Seó hú Leó | 196 |
| Sin ċoiḋċe Clár Luirc | 106 |
| Slán coir Máiġe | 162 |
| Slán le Máiġ | 112 |
| Sliaḃ na mBan | 136 |
| "Táim breóiḋte go leór" | 36 |
| Táim-se am ċodlaḋ | 199 |
| Táim-se ar an mbaile seo | 34 |
| Taoḃ Ċill an Ḟuarṫain | 139 |
| Tarraing go ciúin, go ciúin | 16 |
| Toirḋealḃaċ (Tréalaċ) Cóir | 45 |
| Túirín an Céim | 110 |
| Túirne Máire | 214 |
| Turus go dTír na n-Óg | 128 |

# "SONGS OF THE GAEL"

SECOND AND THIRD
SERIES IN THE PRESS

*Read the following press notices of the work.*

# SOME PRESS OPINIONS.

## RECOVERED TREASURES.

"This is the title of a volume of Anglo-Irish songs. . . . In all it makes a book of 400 pages, and the number of songs is nearly two hundred. The words and music are both given, the first verse of words being arranged in all cases beneath the music, which is in Tonic Sol-fa notation. . . . As literary productions, the songs in this book are of a high order of merit. They are gems selected from over forty of our best song-writers of the present and last century—from Callanan and Davis down to living writers, such as Dr. Sigerson, Fahy, and McCall. Fully one-half of the two hundred songs given in the volume are here found wedded to airs for the first time. As to the airs, the editor tells us, in his preface, that about 45 of them were taken down from the singing of living traditional Irish singers, in Cork, Kerry, and Waterford. Others were taken from Petrie, Joyce, and other collectors of old Irish airs. Reading through the foot-notes, one can see how enthusiastic Father Walsh feels over his work, and especially over the beauty of the music. We have here fine marching airs, like 'Follow me up to Carlow'; we have sweet and pathetic airs, like 'Colleen a Gruaige Downa,' and 'A Spalpeen Aroon'; we have bright and stirring airs, like 'The Red Lusmore,' 'Among the Heather,' and 'Bresshdeen Mira.' Every taste is catered for in this collection of songs. It is worthy of note that a very large number of the airs were never before wedded to Anglo-Irish songs and ballads. We hope that the treasures of Irish song and Irish music in this book will be largely drawn upon by teachers in our schools, and by singers at concerts and social gatherings. . . . Not the least interesting feature of this song book is the editor's notes, which are given at foot of most of the songs, giving information which will be read with pleasure. . . ."

*The Cork Examiner.*

## A NOBLE ANTHOLOGY.

"... The Compiler, the Rev. Father Walsh, C.M., Phibsboro' Dublin, . . . has placed the people of Ireland, both at home and beyond the sea, under a deep obligation. . . . Men live for a short time; the monuments they erect crumble and fall; the memory of their actions is soon effaced, and even their virtues and good qualities die with them, but their thoughts live for ever, unimpaired by time. The best and noblest of these are enshrined in poetry, and as the volume before us contains so many gems of Irish thought and feeling on the love of Ireland, the glories of its past, the hopes of its future, the love of the true and the beautiful that is implanted in the Irish character, it will, we hope, be accorded a hearty welcome. . . . We hope this interesting and valuable book will find its way into every household, college and school. There is no phase of Irish character which does not find expression in it; apart from a spirit of patriotism, the beauty of the rivers and streams, the hills, dales, and groves with which our country abounds is graphically depicted, so that it may be said it is in every respect racy of the soil. Our countrymen in exile who procure it will find in it a strengthening bond to keep green the memory of their native land. . . ."

*The Waterford Evening News.*

## A DELIGHTFUL REPERTOIRE.

"... We feel we are doing a signal service to our readers in drawing their attention to its contents, and especially to those of our readers who have charge of choirs and schools. The volume is an unique one—a repertoire of first-class songs from the very best Irish song-writers. . . . To most, if not indeed to all, of our readers this collection will be fresh and delightful reading. The editor has gone to great trouble, and has shown wonderful industry in collecting his material. Rare books of songs published over half a century ago have been sought out and culled from—books which the ordinary reader or signer has little chance of coming at. . . . In this collection there are upwards of one hundred songs wedded for the first time to airs. And these airs are all genuine old Irish airs . . . they have the sweetness and beauty for which Irish music is famous . . . delightfully sweet and ear-catching and memory-haunting. . . . The volume is a marvel of cheapness. Two hundred songs with music—and all Irish of the Irish—for a shilling, in pretty paper covers; and handsomely bound for eighteen pence; It is wonderful value. The Rev. Editor has done a truly national work. . . ."

*The Irish Catholic.*

## SOUL OF IRELAND IN HER MUSIC.

". . . . . An t-Aṫair Pádraig had already done his country a great service by collecting, setting to airs and publishing in penny numbers the beautiful songs in Irish to be found in 'Fuinn na Smól,' when the happy thought came to him that, for those who had no knowledge of Irish, it would be a good thing to wed those haunting traditional airs to patriotic, sentimental and humorous songs in English. How well that work has been done is eloquently told in the pages of this book, where scores of poetic gems are wedded for the first time to Irish airs, whose beauty and purity and sweetness cannot be beaten in all the world. . . . They are fresh and sweet and spirited, fit for old and young, for all seasons and all occasions, and the soul of Ireland our mother speaking to us through each and every one of them. . . ."

*The Father Mathew Record.*

## SONGS FOR ALL SEASONS.

". . . Here we have war songs, resonant with patriotic triumph ; love songs, tender and appealing ; humorous songs, quivering with laughter ; scenic songs, which enshrine us with a halo the hills and valleys of Ireland. . . . This volume should be in the hands of everyone who, believing not alone that 'Ireland was,' but that 'Ireland shall be,' realises also that one of the best means to forward that consummation is to foster her ideals through her matchless music. . . ."

*The Enniscorthy Echo.*

## A NATIONAL WORK WELL DONE.

". . . Two hundred songs of Ireland—with the love and scent of Ireland in their words and the soul of Ireland in their music. This is what Father Breathnach has done for us—a work for the glory and strength of Ireland well done."

*Nationality.*

---

BROWNE AND NOLAN, Ltd. ∴ Publishers
DUBLIN : BELFAST : CORK : WATERFORD

Jo Harra.
E. Henegan
M. McCullen.
F. Marlow

d' / d.t l.l. j: s. l. ta: s: m